2025/1511

31.10.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/1511 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Meitheamh 2025

lena bhforlíontar Treoir (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le creat modheolaíochta comparáideach a bhunú chun na leibhéil is fearr costas maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh le haghaidh foirgneamh agus eilimintí foirgnimh a ríomh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir (AE) 2024/1275 tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun creat modheolaíochta comparáideach a bhunú chun na leibhéil is fearr costas maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh le haghaidh foirgneamh agus eilimintí foirgnimh a ríomh, agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar na leibhéil is fearr costas.

(2) Le Treoir (AE) 2024/1275, ceanglaítear ar na Ballstáit íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a leagan síos le haghaidh foirgneamh agus eilimintí foirgnimh, d'fhonn na leibhéil is fearr costas a bhaint amach ar a laghad. Áiritheoidh na Ballstáit freisin go sroichfidh na ceanglais a leagann siad síos maidir le córais theicniúla foirgneamh na leibhéil is fearr agus is déanaí costas ar a laghad. Is faoi na Ballstáit atá sé cinneadh a dhéanamh an ndéantar an tagarmharc náisiúnta a úsáidtear mar thoradh deiridh ar na ríomhanna maidir leis na leibhéil is fearr costas a ríomh ó thaobh na maicreacnamaíochta de (ag féachaint ar na costais agus ar na tairbhí a bhaineann le hinfheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh don tsochaí ina hiomláine) nó ó dhearcadh airgeadais amháin (ag féachaint ar an infheistíocht féin amháin). Níl na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh náisiúnta le bheith níos mó ná 15 % níos boige ná toradh na dtorthaí maidir leis na leibhéil is fearr costas ar an ríomh a dhéantar mar thagarmharc náisiúnta. Tá an leibhéal is fearr costas le bheith laistigh de raon na leibhéal feidhmíochta nuair is dearfach an anailís costais is tairbhe le linn na saolré.

(3) Le Treoir (AE) 2024/1275, cuirtear laghdú ar úsáid fuinnimh sa timpeallacht thógtha chun cinn ach cuirtear i dtábhacht inti freisin gur príomhfhoinse astaíochtaí gás ceaptha teasa í earnáil na tógála agus gurb í is cúis le thart ar leath d'astaíochtaí príomh-mhínábhar cáithníneach ($PM_{2,5}$) san Aontas, arb iad is cúis le bás anabaí agus le tinneas.

(4) Tagann feidhmíocht na gcomhpháirteanna neamhspleácha faoi raon feidhme na rialachán táirgeshonrach. Le Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), bunaítear íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh le haghaidh beagnach gach catagóir earraí fisiceacha, lena n-áirítear táirgí a bhaineann le fuinneamh. Agus ceanglais náisiúnta maidir le córais theicniúla foirgneamh á socrú ag na Ballstáit, ní mór dóibh na bearta cur chun feidhme a bhunaítear faoin Rialachán sin agus na bearta atá ann cheana arna nglacadh de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) a chur san áireamh. Ba cheart feidhmíocht táirgí foirgníochta atá le húsáid le haghaidh na ríomhanna faoin Rialachán seo a chinneadh i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) 2024/3110 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), chomh maith leis na bearta atá ann cheana arna nglacadh de bhun Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]).

([1]) IO L 2024/1275, 8.5.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32024L1275.

([2]) Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a shocrú, lena leasaítear Treoir (AE) 2020/1828 agus Rialachán (AE) 2023/1542 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE (IO L 2024/1781, 28.6.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32024R1781).

([3]) Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (IO L 285, 31.10.2009, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/125/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2024/3110 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 (IO L, 2024/3110, 18.12.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32024R3110).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Treoir 89/106/CEE ón gComhairle (IO L 88, 4.4.2011, lch. 5, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32011R0305).

(5) D'fhéadfadh cuspóir na leibhéal is fearr costas maidir le feidhmíocht fuinnimh, in imthosca áirithe, údar a thabhairt do na Ballstáit na ceanglais is fearr costas a shocrú maidir le heilimintí foirgnimh a chuireann, sa chleachtas, bacainní roimh dhearadh foirgneamh ar leith nó roimh roinnt roghanna teicniúla chomh maith le húsáid táirgí a bhaineann le fuinneamh ag a bhfuil feidhmíocht fuinnimh níos fearr agus, i gcás inarb ábhartha, feidhmíocht astaíochtaí níos fearr a spreagadh. De bhun Airteagal 2, pointe 32 de Threoir (AE) 2024/1275, chun na leibhéil is fearr costas a chinneadh, tá na seachtrachtaí comhshaoil agus sláinte a bhaineann le húsáid fuinnimh le cur san áireamh, chomh maith le costas lamháltas gás ceaptha teasa mar chuid de na costais fuinnimh.

(6) Leagtar amach na céimeanna atá sa chreat modheolaíochta comparáideach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir (AE) 2024/1275 agus áirítear leo foirgnimh thagartha a bhunú, bearta fuinneamhéifeachtúla a shainiú agus bearta bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite atá le cur i bhfeidhm maidir leis na foirgnimh thagartha sin, an measúnú ar an úsáid iomlán fuinnimh phríomhúil agus ar na hastaíochtaí a eascraíonn as sin tar éis na mbeart sin, agus ríomh a dhéanamh ar chostais na mbeart sin, is é sin le rá glanluach láithreach na mbeart sin.

(7) An creat comhchoiteann chun an fheidhmíocht fuinnimh a ríomh mar a bhunaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2024/1275, tá feidhm aige freisin maidir le gach céim den mhodheolaíocht creata maidir leis na leibhéil is fearr costas, go háirithe maidir le feidhmíocht fuinnimh agus astaíochtaí foirgneamh agus eilimintí foirgnimh a ríomh. Tagann táirgeadh fuinnimh ar an láthair trí úsáid a bhaint as foinsí fuinnimh in-athnuaite atá ar fáil go háitiúil (e.g. teas comhthimpeallach, teas geoiteirmeach, grianfhuinneamh teirmeach, fuinneamh fótavoltach, etc.) in ionad fuinneamh a sheachadtar ón eangach agus laghdaíonn sé tionchar an fhoirgnimh ar an eangach fuinnimh. Chun na tairbhí sin a léiriú, ní chuirfear san áireamh in úsáid fuinnimh phríomhúil iomlán an tionchar a bhíonn ag féinúsáid fuinnimh in-athnuaite a tháirgtear ar an láthair. Tá solúbthacht ag na Ballstáit maidir leis an gcaoi a dtugann siad cuntas ar fhuinneamh in-athnuaite a tháirgtear ar an láthair agus a úsáidtear le haghaidh úsáidí nach úsáidí feidhmíochta fuinnimh foirgneamh iad nó a onnmhairítear chuig an eangach agus fuinneamh príomhúil foirgnimh á ríomh.

(8) Chun críche an Rialacháin seo, tagraíonn an fheidhmíocht astaíochtaí do na hastaíochtaí oibríochtúla a tháirgtear ar an láthair (díreach) agus do na hastaíochtaí sin ó ghiniúint fuinnimh lasmuigh den láthair a úsáideann an foirgneamh (indíreach). Agus na leibhéil is fearr costas maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh á ríomh, d'fhéadfadh na Ballstáit an poitéinseal téimh dhomhanda ar feadh saolré a chur san áireamh freisin.

(9) Chun an creat modheolaíochta comparáideach a chur in oiriúint d'imthosca náisiúnta, ba cheart do na Ballstáit saolré eacnamaíoch mheasta foirgnimh agus/nó eiliminte foirgnimh a chinneadh; an costas iomchuí d'iompróirí fuinnimh, do tháirgí, do chórais, do chothabháil, do chostais oibríochtúla agus saothair; na fachtóirí coinbhéartachta fuinnimh phríomhúil in-athnuaite agus neamh-in-athnuaite nó na fachtóirí ualaithe in aghaidh an iompróra fuinnimh; na fachtóirí coinbhéartachta maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa; na forbairtí ar phraghsanna fuinnimh atá le glacadh i gcás breoslaí a úsáidtear ina gcomhthéacs náisiúnta le haghaidh fuinneamh a úsáidtear i bhfoirgnimh, agus costas lamháltas gás ceaptha teasa á chur san áireamh i gcás inarb iomchuí; agus na forbairtí ar phraghsanna carbóin. A mhéid a bhaineann le forbairtí ar phraghsanna fuinnimh agus carbóin, ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis arna soláthar ag an gCoimisiún a chur san áireamh, chomh maith leis an gcóras nua trádála astaíochtaí le haghaidh astaíochtaí ó dhóchán breosla in earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar, agus earnálacha breise ([6]). Is féidir leis na Ballstáit luach airgid a chur freisin ar thairbhí iomadúla na mbeart éifeachtúlachta fuinnimh ina ríomhanna maidir leis na leibhéil is fearr costas, lena n-áirítear, mar shampla, le haghaidh sláinte phríobháideach agus phoiblí agus le haghaidh na holltáirgeacht intíre (OTI).

(10) Léiríonn an ráta lascaine go pointe áirithe ní hamháin tosaíochtaí beartais (le haghaidh ríomhanna maicreacnamaíocha), ach timpeallachtaí maoiniúcháin éagsúla agus dálaí morgáiste freisin. D'fhéadfadh tionchar mór a bheith ag rogha an ráta lascaine ar thoradh ríomhanna an chreata modheolaíochta chomparáidigh agus ní mór do na Ballstáit an ráta lascaine is iomchuí a chinneadh le haghaidh gach ríomha a luaithe a dhéanfar an measúnú íogaireachta. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit an ráta lascaine atá le húsáid i ríomhanna maicreacnamaíocha agus airgeadais araon a bhunú freisin tar éis dóibh anailís íogaireachta a dhéanamh ar dhá ráta lascaine ar a laghad le haghaidh gach ríomha.

([6]) Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

(11) I gcomhréir leis na gealltanais maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán a laghdú a leagtar síos le haghaidh príomhthruailleáin aeir de bhun Threoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) agus leis na caighdeáin níos déine maidir le haercháilíocht a leagtar síos i dTreoir (AE) 2024/2881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]), tugtar astaíochtaí truailleán aeir isteach sa ríomh maicreacnamaíoch. Leis an bpeirspictíocht níos leithne a sholáthraítear leis an ríomh maicreacnamaíoch a cheanglaítear leis an Rialachán seo, lena n-áirítear luach airgid a chur ar na tionchair ar an tsláinte agus ar an gcomhshaol a bhaineann le hastaíochtaí $PM_{2,5}$ agus NOx chomh maith leis na costais a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT), soláthraítear faisnéis a d'fhéadfadh a bheith úsáideach, lasmuigh den ríomh maidir leis na leibhéil is fearr costas freisin, mar shampla chun ceanglais bhreise a bhunú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh i dtéarmaí feidhmíochta astaíochtaí, agus cuspóirí beartais aeráide, comhshaoil agus sláinte poiblí níos leithne.

(12) Chun cur chuige comhchoiteann a áirithiú maidir le cur i bhfeidhm an chreata modheolaíochta chomparáidigh ag na Ballstáit, ba cheart don Choimisiún na príomh-chreatchoinníollacha is gá a bhunú chun glanluachanna láithreacha a ríomh, amhail an bhliain tosaigh le haghaidh ríomhanna, na catagóirí costais atá le breithniú agus an tréimhse ríomha atá le húsáid. Ba cheart an Rialachán seo a chur in ionad an chreata modheolaíochta chomparáidigh atá ann cheana a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 244/2012 ón gCoimisiún ([9]).

(13) Ní thagann bunú tréimhse choiteann ríomha salach ar cheart na mBallstát saolré eacnamaíoch mheasta foirgneamh nó eilimintí foirgnimh a shocrú, ós rud é go bhféadfadh an tsaolré sin a bheith níos faide nó níos giorra ná an tréimhse ríomha a shocraítear. Ní bhíonn ach tionchar teoranta ag saolré eacnamaíoch mheasta foirgnimh nó eiliminte foirgnimh ar an tréimhse ríomha, ós rud é go gcinntear an tréimhse ríomha ina ionad sin ar bhonn timthriall athchóirithe foirgnimh, arb é sin an tréimhse ama a ndéantar athchóiriú mór ar fhoirgneamh ina diaidh.

(14) Is iondúil go mbíonn anailís íogaireachta ag gabháil le ríomhanna costais agus réamh-mheastacháin lena ngabhann go leor toimhdí agus neamhchinnteachtaí, lena n-áirítear, mar shampla, forbairtí ar phraghsanna fuinnimh le himeacht ama, chun meastóireacht a dhéanamh ar stóinseacht na bpríomhpharaiméadar ionchuir. Chun críche na ríomhanna is fearr costas, ba cheart leis an anailís íogaireachta aghaidh a thabhairt ar na forbairtí ar phraghsanna fuinnimh agus ar an ráta lascaine ar a laghad.

(15) Le fachtóirí fuinnimh phríomhúil réamhbhreathnaitheacha nó fachtóirí ualaithe réamhbhreathnaitheacha agus fachtóirí astaíochtaí gás ceaptha teasa, arna gcur san áireamh go hiomchuí le linn na tréimhse ríomha, féadfar dícharbónú forásach na heangaí leictreachais agus líonraí téimh ceantair éifeachtúla a chur san áireamh sa ríomh, i gcomhréir le spriocanna laghdaithe astaíochtaí agus aeráidneodrachta 2030 a leagtar amach sna pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin de bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]). Ba cheart fachtóirí den sórt sin a shonrú go hiomchuí, mar shampla tríd an staid i mbliain tosaigh an ríofa agus an dul chun cinn a bhfuil coinne leis le linn shaolré an fhoirgnimh a chur san áireamh. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na fachtóirí sin agus, i gcás inar gá, iad a thabhairt cothrom le dáta gach uair a dhéantar na leibhéil is fearr costas a ríomh. Is féidir leo a bheith i gcomhthráth leis na fachtóirí a leagtar síos chun feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a ríomh, a shocraítear i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2024/1275. Ba cheart fachtóirí réamhbhreathnaitheacha fuinnimh phríomhúil nó ualaithe a úsáid sa ríomh, ach moltar astaíochtaí gás ceaptha teasa réamhbhreathnaitheacha.

([7]) Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú, lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/81/CE (IO L 344, 17.12.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/2284/oj).

([8]) Treoir (AE) 2024/2881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le haercháilíocht chomhthimpeallach agus aer níos glaine don Eoraip (IO L, 2024/2881, 20.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/2881/oj).

([9]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 244/2012 ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2012 lena bhforlíontar Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh trí chreat modheolaíochta comparáideach a bhunú chun na leibhéil is fearr ó thaobh chostais na n-íoscheanglas feidhmíochta fuinnimh le haghaidh foirgneamh agus eilimintí foirgnimh a ríomh (IO L 81, 21.3.2012, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2012/244/oj).

([10]) Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32018R1999).

(16) Leis an gcreat modheolaíochta comparáideach, ba cheart é a chur ar a gcumas do na Ballstáit torthaí na ríomhanna is fearr costas a chur i gcomparáid leis na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh atá i bhfeidhm agus toradh na comparáide a úsáid chun a áirithiú go socrófar íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh d'fhonn ar a laghad na leibhéil is fearr costas a bhaint amach agus, i gcás inarb ábhartha, luachanna tagartha níos déine a bhaint amach, mar shampla ceanglais maidir le foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de agus ceanglais maidir le foirgnimh astaíochtaí nialasacha. Ba cheart na leibhéil sin a ailíniú leis na conairí náisiúnta a leagtar amach sna pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide (PNFA) arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin de bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann breithniú a dhéanamh ar íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a shocrú ar an leibhéal is fearr costas le haghaidh na gcatagóirí foirgneamh sin i gcás nach raibh aon íoscheanglas feidhmíochta fuinnimh ann go dtí seo.

(17) Tá an mhodheolaíocht is fearr costas neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus níl sí i bhfabhar réiteach teicneolaíoch amháin thar réiteach teicneolaíoch eile. Áirithítear leis iomaíocht i dtaca le bearta, pacáistí, nó athraithigh ar feadh saolré mheasta foirgnimh nó eiliminte foirgnimh.

(18) Chun ualach riaracháin na mBallstát a íoslaghdú, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann líon na ríomhanna a laghdú trí fhoirgnimh thagartha a bhunú atá ionadaíoch maidir le níos mó ná catagóir foirgnimh amháin, gan difear a dhéanamh dá n-oibleagáidí de bhun Threoir (AE) 2024/1275 íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a leagan síos do chatagóirí áirithe foirgneamh.

(19) Tá na leibhéil is fearr costas ábhartha freisin don chaighdeán nua 'foirgneamh astaíochtaí nialasacha', a shainmhínítear in Airteagal 2(2) de Threoir (AE) 2024/1275, ós rud é go bhfuil na huastairseacha d'úsáid fuinnimh phríomhúil le socrú d'fhonn ar a laghad na leibhéil is fearr costas a bhaint amach agus tá siad le hathbhreithniú gach uair a dhéanfar athbhreithniú ar na leibhéil is fearr costas. I gcomhréir leis an sainmhíniú ar fhoirgneamh astaíochtaí nialasacha, ní féidir bearta lena dtáirgtear astaíochtaí carbóin ar an láthair ó bhreoslaí iontaise a mheas sna ríomhanna is fearr costas le haghaidh foirgnimh astaíochtaí nialasacha.

(20) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 244/2012 a aisghairm.

(21) Chuathas i gcomhairle leis na saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir le hAirteagal 32(4) de Threoir (AE) 2024/1275,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

Bunaítear leis an Rialachán seo an creat modheolaíochta comparáideach atá le húsáid ag na Ballstáit chun na leibhéil is fearr costas i dtaca le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a ríomh le haghaidh foirgnimh nua agus foirgnimh atá ann cheana agus le haghaidh eilimintí foirgnimh. Leagtar amach ann freisin rialacha maidir leis an gcreat modheolaíochta comparáideach a chur i bhfeidhm ar fhoirgnimh thagartha roghnaithe.

Airteagal 2

Sainmhínithe

I dteannta na sainmhínithe a leagtar amach in Airteagal 2 de Threoir (AE) 2024/1275, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas chun críocha an Rialacháin seo:

(1) ciallaíonn '*costas domhanda*' suim luachanna láithreacha na gcostas infheistíochta tosaigh, na gcostas reatha, na gcostas athsholáthair (le tagairt don bhliain tosaigh), na gcostas bainistíochta dramhaíola, más infheidhme agus, chun críocha an ríomha ar an leibhéal maicreacnamaíoch, áirítear leis costais astaíochtaí gás ceaptha teasa chomh maith le seachtrachtaí sláinte agus comhshaoil a bhaineann le húsáid fuinnimh;

(2) ciallaíonn *'costas infheistíochta tosaigh'* na costais uile a thabhaítear suas go dtí an pointe nuair a sheachadtar an foirgneamh nó an eilimint foirgnimh don chustaiméir, réidh le húsáid. Áirítear ar na costais sin dearadh, ceannach eilimintí foirgnimh, nascadh le soláthróirí, próisis suiteála agus choimisiúnaithe;

(3) ciallaíonn *'costas fuinnimh'* na costais fuinnimh bhliantúla, lena n-áirítear praghas fuinnimh, taraifí acmhainneachta agus taraifí eangaí, agus cánacha náisiúnta, agus costas lamháltas gás ceaptha teasa á chur san áireamh.

(4) ciallaíonn *'costas oibriúcháin'* na costais uile atá nasctha le hoibriú an fhoirgnimh, lena n-áirítear costais bhliantúla le haghaidh árachais, muirir fóntais agus muirir sheasta agus cánacha eile;

(5) ciallaíonn *'costas cothabhála'* na costais bhliantúla a bhaineann le bearta chun cáilíocht inmhianaithe an fhoirgnimh nó na heiliminte foirgnimh a chaomhnú agus a athchóiriú, lena n-áirítear costais bhliantúla a bhaineann le hiniúchadh, glanadh, coigeartuithe, deisiú agus nithe inchaite;

(6) ciallaíonn *'costas reatha'* na costais bhliantúla chothabhála, oibriúcháin agus fuinnimh;

(7) ciallaíonn *'costas bainistíochta dramhaíola'* an costas a bhaineann le foirgneamh nó eilimint foirgnimh ag deireadh a shaolré, lena n-áirítear díchóimeáil, eilimintí foirgnimh nár tháinig go deireadh a saolré go fóill a bhaint, iompar, diúscairt agus athchúrsáil;

(8) ciallaíonn *'costas athsholáthair'* infheistíocht ionadach le haghaidh eilimint foirgnimh, i gcomhréir leis an tsaolré eacnamaíoch mheasta le linn na tréimhse ríomha;

(9) ciallaíonn *'costas bliantúil'* suim na gcostas reatha agus na gcostas athsholáthair a íoctar in aghaidh na bliana;

(10) ciallaíonn *'costas astaíochtaí gás ceaptha teasa'* luach airgeadúil an damáiste don chomhshaol arb iad astaíochtaí CO_2 a bhaineann le tomhaltas fuinnimh i bhfoirgnimh is cúis leis;

(11) gan bheith teoranta dó, ciallaíonn *'seachtrachtaí comhshaoil agus sláinte a bhaineann le húsáid fuinnimh'* luach airgeadúil an damáiste don tsláinte agus don chomhshaol arb iad astaíochtaí $PM_{2,5}$ agus NOx, a bhaineann le tomhaltas fuinnimh i bhfoirgnimh, is cúis leo;

(12) ciallaíonn *'foirgneamh tagartha'* foirgneamh hipitéiseach nó fíorfhoirgneamh a léiríonn an gheoiméadracht agus na gnáthchórais foirgnimh, an ghnáthfheidhmíocht fuinnimh d'imchlúdach foirgnimh agus do chórais araon, an ghnáthfheidhmiúlacht agus an gnáthstruchtúr costais sa Bhallstát, agus atá ionadaíoch maidir le dálaí aeráide agus suíomh geografach;

(13) ciallaíonn *'ráta lascaine'* luach sonrach chun comparáid a dhéanamh idir luach airgid ag amanna éagsúla arna shloinneadh i dtéarmaí réadacha;

(14) ciallaíonn *'fachtóir lascaine'* uimhir iolraithe a úsáidtear chun sreabhadh airgid a tharlaíonn ag pointe áirithe a thiontú go dtí a luach coibhéiseach ag an túsphointe, a dhíorthaítear ón ráta lascaine;

(15) ciallaíonn *'bliain tosaigh'* an bhliain óna gcinntear an tréimhse ríomha;

(16) ciallaíonn *'tréimhse ríomha'* an tréimhse ama a bhreithnítear don ríomh, arna sloinneadh ina blianta de ghnáth;

(17) ciallaíonn *'luach iarmharach foirgnimh'* suim luachanna iarmharacha na n-eilimintí foirgnimh ag deireadh na tréimhse ríomha;

(18) ciallaíonn *'forbairt ar phraghsanna'* forbairt le himeacht ama ar phraghsanna ar fhuinneamh, ar tháirgí, ar chórais foirgneamh, ar sheirbhísí, ar shaothar, ar chothabháil agus ar chostais eile a d'fhéadfadh a bheith éagsúil leis an ráta boilscithe;

(19) ciallaíonn *'beart éifeachtúlachta fuinnimh'* athrú ar fhoirgneamh nó eilimint foirgnimh as a dtagann laghdú ar úsáid fuinnimh deiridh an fhoirgnimh;

(20) ciallaíonn *'pacáiste'* sraith beart éifeachtúlachta fuinnimh nó beart atá bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a chuirtear i bhfeidhm maidir le foirgneamh tagartha, nó an dá rud;

(21) ciallaíonn *'athraitheach'* toradh foriomlán na sraithe iomláine beart nó pacáistí, agus tuairisc uirthi, ar sraith í a chuirtear i bhfeidhm ar fhoirgneamh ar féidir a bheith comhdhéanta de theaglaim de bhearta maidir leis an imchlúdach foirgnimh, teicnící éighníomhacha, bearta maidir le córais foirgneamh nó bearta atá bunaithe ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, nó teaglaim de na bearta sin;

(22) ciallaíonn *'fochatagóirí foirgneamh'* catagóirí de chineálacha foirgneamh atá níos imdhealaithe de réir méide, aoise, ábhair foirgníochta, patrúin úsáide, crios aeráide nó de réir critéir seachas na critéir sin a bhunaítear i bpointe 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2024/1275, a mbunaítear foirgnimh thagartha ina leith i gcoitinne;

Airteagal 3

Creat modheolaíochta comparáideach

1. Agus na leibhéil is fearr costas i dtaca le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh le haghaidh foirgneamh agus eilimintí foirgnimh á ríomh, cuirfidh na Ballstáit an creat modheolaíochta comparáideach a leagtar síos in Iarscríbhinn I i bhfeidhm.

2. Úsáidfidh na Ballstáit an creat modheolaíochta comparáideach chun comparáid a dhéanamh idir na bearta seo a leanas, bunaithe ar fheidhmíocht fuinnimh phríomhúil agus astaíochtaí agus ar an gcostas a shanntar dá gcur chun feidhme:

(a) bearta éifeachtúlachta fuinnimh;

(b) bearta lena n-ionchorpraítear foinsí fuinnimh in-athnuaite;

(c) pacáistí agus athraithigh de bhearta den sórt sin.

3. Chun críche an ríomha dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) an bhliain ina bhfuil an ríomh á dhéanamh a shuí mar an bhliain tosaigh don ríomh;

(b) úsáidfidh sé an tréimhse ríomha a leagtar amach in Iarscríbhinn I;

(c) úsáidfidh sé na catagóirí costais a leagtar amach in Iarscríbhinn I;

(d) moltar dóibh conairí réamh-mheasta praghsanna carbóin, a leagtar amach in Iarscríbhinn II, a úsáid le haghaidh costáil carbóin.

4. Chun críocha an ríomha dá dtagraítear i mír 1, comhlánóidh na Ballstáit an creat modheolaíochta comparáideach tríd an méid seo a leanas uile a chinneadh:

(a) saolré eacnamaíoch mheasta foirgneamh agus eilimintí foirgnimh;

(b) an ráta lascaine;

(c) na costais ar iompróirí, táirgí agus córais fuinnimh, na costais chothabhála, na costais oibriúcháin agus na costais saothair;

(d) na fachtóirí fuinnimh phríomhúil réamhbhreathnaitheacha in-athnuaite agus neamh-in-athnuaite nó na fachtóirí ualaithe réamhbhreathnaitheacha i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2024/1275 agus na fachtóirí astaíochtaí gás ceaptha teasa;

(e) na forbairtí measta ar phraghsanna fuinnimh i gcás gach iompróra fuinnimh, agus an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo á cur san áireamh;

(f) na fachtóirí astaíochta truailleán aeir, go háirithe iad siúd le haghaidh $PM_{2,5}$ agus NO_x.

5. Féachfaidh na Ballstáit leis na leibhéil is fearr costas maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a ríomh agus a ghlacadh i ndáil leis na catagóirí foirgneamh sin i gcás nach bhfuil íoscheanglais shonracha feidhmíochta fuinnimh leagtha síos.

6. Déanfaidh na Ballstáit anailís chun íogaireacht thoradh an ríomha i leith athruithe ar na paraiméadair a chuirtear i bhfeidhm a chinneadh, lena gcumhdófar ar a laghad tionchar forbairtí éagsúla ar phraghsanna fuinnimh agus na rátaí lascaine do na peirspictíochtaí maicreacnamaíocha agus airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 4(1) agus go hidéalach freisin i leith athruithe ar pharaiméadair eile a bhfuil coinne leis go mbeidh tionchar mór acu ar thoradh na ríomhanna, ar nós forbairtí ar phraghsanna seachas praghsanna fuinnimh.

Airteagal 4

Comparáid idir na leibhéil is fearr costas arna ríomh agus na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh atá ann faoi láthair

1. Cinnfidh na Ballstáit, tar éis dóibh na leibhéil cheanglais is fearr costas a ríomh ó pheirspictíocht mhaicreacnamaíoch agus airgeadais araon, cé acu den dá cheann a bheidh ina thagarmharc náisiúnta, agus tuairisceoidh siad a gcinneadh don Choimisiún mar chuid dá n-oibleagáidí tuairiscithe i gcomhréir le hAirteagal 6.

2. Cuirfidh na Ballstáit toradh an ríomha arna roghnú i gcomhréir le mír 1 i gcomparáid leis na ceanglais feidhmíochta fuinnimh reatha don chatagóir ábhartha foirgnimh.

3. Úsáidfidh na Ballstáit toradh na comparáide dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo chun a áirithiú go socrófar na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh d'fhonn na leibhéil is fearr costas a bhaint amach, i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Threoir (AE) 2024/1275.

4. I gcás ina bhfuil foirgnimh thagartha sainithe ag Ballstát sa chaoi go mbeidh toradh an ríomha is fearr costas infheidhme maidir le roinnt catagóirí foirgneamh, féadfaidh sé an toradh sin a úsáid chun a áirithiú go socrófar íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh d'fhonn na leibhéil is fearr costas a bhaint amach le haghaidh gach catagóire ábhartha foirgneamh.

Airteagal 5

Athbhreithniú ar na ríomhanna is fearr costas

1. Déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú ar a ríomhanna is fearr costas chun críocha an athbhreithnithe ar a n-íoscheanglas feidhmíochta fuinnimh de bhun Airteagal 5(1) de Threoir (AE) 2024/1275. Áireofar go háirithe san athbhreithniú ar na ríomhanna is fearr costas na forbairtí ar phraghsanna le haghaidh na sonraí maidir le costais ionchuir, agus nuashonrú ar fhorbairtí ar phraghsanna den sórt sin i gcás inarb iomchuí.

2. Cuirfear torthaí an athbhreithnithe ar na ríomhanna is fearr costas ar fáil don Choimisiún sa tuarascáil a cheanglaítear le hAirteagal 6(2) de Threoir (AE) 2024/1275.

Airteagal 6

Tuairisciú

1. Áireofar sa tuarascáil a cheanglaítear le hAirteagal 6(2) de Threoir (AE) 2024/1275 na fachtóirí fuinnimh phríomhúil nó na fachtóirí ualaithe arna gcur i bhfeidhm, torthaí na ríomhanna ar an leibhéal maicreacnamaíoch agus airgeadais, an anailís íogaireachta dá dtagraítear in Airteagal 3(5) den Rialachán seo agus na forbairtí toimhdithe ar phraghsanna fuinnimh agus carbóin, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. I gcás inar gá do na Ballstáit na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a choigeartú de bhun Airteagal 6(3) de Threoir (AE) 2024/1275, áireofar sa tuarascáil plean ina leagfar amach na bearta iomchuí chun na coigeartuithe sin a dhéanamh. Chuige sin, déanfar leibhéal na n-íoscheanglas feidhmíochta fuinnimh atá i bhfeidhm, atá i bhfad níos éifeachtúla ar fhuinneamh, a ríomh mar an difríocht idir meán na n-íoscheanglas feidhmíochta fuinnimh uile atá i bhfeidhm agus meán na leibhéal is fearr costas den ríomh a úsáidtear mar thagarmharc náisiúnta le haghaidh gach foirgnimh tagartha agus gach cineáil foirgnimh a úsáidtear.

3. Bainfidh na Ballstáit úsáid as an teimpléad tuairiscithe dá bhforáiltear in Iarscríbhinn III.

Airteagal 7

Aisghairm

Aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 244/2012 ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh.

Airteagal 8

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2026 chun na leibhéil is fearr costas maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh le haghaidh foirgneamh agus eilimintí foirgnimh a ríomh, leibhéil atá le tuairisciú don Choimisiún faoin 30 Meitheamh 2028.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Meitheamh 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Creat modheolaíochta maidir leis an leibhéal is fearr costas

1. FOIRGNIMH THAGARTHA A BHUNÚ

1.1. Bunóidh na Ballstáit foirgnimh thagartha do na catagóirí foirgneamh seo a leanas:

(a) foirgnimh aonteaghlaigh;

(b) bloic árasán agus foirgnimh ilteaghlaigh;

(c) foirgnimh oifigí.

1.2. Sa bhreis ar fhoirgnimh oifigí, bunóidh na Ballstáit foirgnimh thagartha le haghaidh catagóirí eile foirgneamh nach foirgnimh chónaithe iad a liostaítear i mír (6)(d) go (i) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2024/1275 a bhfuil ceanglais shonracha maidir le feidhmíocht fuinnimh ann ina leith.

1.3. I gcás ina bhfuil Ballstát in ann a léiriú sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 6 den Rialachán seo gur féidir le foirgneamh tagartha bunaithe a bheith infheidhme maidir le níos mó ná catagóir foirgnimh amháin, féadfaidh sé líon na bhfoirgneamh tagartha a úsáidtear a laghdú agus líon na ríomhanna dá réir sin. Tabharfaidh na Ballstáit údar cuí leis an gcur chuige sin ar bhonn anailíse lena léirítear go bhfuil foirgneamh tagartha a úsáidtear chun freastal ar roinnt catagóirí foirgneamh ionadaíoch maidir leis an stoc foirgneamh do na catagóirí uile a chumhdaítear.

1.4. I gcás gach catagóire foirgnimh, bunófar foirgneamh tagartha amháin ar a laghad d'fhoirgnimh nua agus dhá fhoirgneamh thagartha ar a laghad d'fhoirgnimh atá ann cheana agus atá faoi réir athchóiriú ollmhór. Is féidir foirgnimh thagartha a bhunú ar bhonn fochatagóirí foirgneamh (e.g. difreáilte de réir méide, aoise, struchtúr costais, ábhar tógála, patrún úsáide nó crios aeráide) lena gcuirtear san áireamh saintréithe an stoic náisiúnta foirgneamh. Comhfhreagróidh foirgnimh thagartha agus na saintréithe a bhaineann leo do struchtúr na gceanglas feidhmíochta fuinnimh atá ann faoi láthair nó atá beartaithe.

1.5. Bainfidh na Ballstáit úsáid as an teimpléad tuairiscithe dá bhforáiltear in Iarscríbhinn III chun na paraiméadair a mheastar i mbunú na bhfoirgneamh tagartha a thuairisciú don Choimisiún. Déanfar an tacar sonraí foluiteach maidir leis an stoc náisiúnta foirgneamh a úsáidtear chun na foirgnimh thagartha a bhunú a chur in iúl don Choimisiún mar chuid den tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 6. Tabharfar údar go háirithe le rogha na saintréithe is bonn le bunú foirgneamh tagartha.

1.6. I gcás foirgnimh atá ann cheana (idir fhoirgnimh chónaithe agus fhoirgnimh neamhchónaithe), cuirfidh na Ballstáit beart/pacáiste/athraitheach amháin ar a laghad i bhfeidhm lena léirítear athchóiriú caighdeánach is gá chun an foirgneamh/aonad foirgnimh a chothabháil (gan bearta éifeachtúlachta fuinnimh breise thar cheanglais dhlíthiúla).

1.7. Maidir le foirgnimh nua (idir fhoirgnimh chónaithe agus fhoirgnimh neamhchónaithe), is iad na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh is infheidhme faoi láthair an buncheanglas a bheidh le comhlíonadh.

1.8. Déanfaidh na Ballstáit na leibhéil is fearr costas a ríomh freisin maidir le híoscheanglais feidhmíochta d'eilimintí foirgnimh atá suiteáilte i bhfoirgnimh atá ann cheana nó díorthóidh siad iad ó na ríomhanna a dhéantar ar leibhéal na bhfoirgneamh. Agus ceanglais á socrú maidir le heilimintí foirgnimh atá suiteáilte i bhfoirgnimh atá ann cheana, ba cheart, a mhéid is féidir, idirghníomhaíocht na heiliminte foirgnimh sin leis an bhfoirgneamh tagartha iomlán agus le heilimintí eile foirgnimh a chur san áireamh sna ceanglais maidir leis na leibhéil is fearr costas.

1.9. Déanfaidh na Ballstáit na ceanglais is fearr costas a ríomh agus a shocrú ar leibhéal na gcóras teicniúil foirgneamh aonair d'fhoirgnimh nua agus d'fhoirgnimh atá ann cheana nó díorthóidh siad iad ó na ríomhanna a dhéantar ar leibhéal na bhfoirgneamh ní hamháin le haghaidh téimh, fuaraithe, uisce te, aerchóirithe agus aerála (nó teaglaim de chórais den sórt sin), ach le haghaidh córais soilsithe d'fhoirgnimh neamhchónaithe freisin.

1.10. Má roghnaíonn Ballstát poitéinseal téimh dhomhanda ar feadh saolré a chur san áireamh chun na leibhéil is fearr costas a ríomh, déanfar paraiméadair a théann thar fheidhmíocht fuinnimh oibríochtúil agus astaíochtaí an fhoirgnimh tagartha agus a bhfuil tionchar acu ar phoitéinseal téimh dhomhanda ar feadh a shaolré a chur san áireamh freisin mar chuid de na bearta/pacáistí/athraithigh.

2. BEARTA ÉIFEACHTÚLACHTA FUINNIMH, BEARTA ATÁ BUNAITHE AR FHOINSÍ IN-ATHNUAITE FUINNIMH AGUS/NÓ PACÁISTÍ AGUS ATHRAITHIGH DE BHEARTA DEN SÓRT SIN A SHAINAITHINT DO GACH FOIRGNEAMH TAGARTHA

2.1. Saineofar bearta éifeachtúlachta fuinnimh d'fhoirgnimh nua agus d'fhoirgnimh atá ann cheana araon do na paraiméadair ionchuir uile le haghaidh an ríomha a bhfuil tionchar díreach nó indíreach acu ar fheidhmíocht fuinnimh an fhoirgnimh.

2.2. Féadfar bearta a chuachadh ina bpacáistí de bhearta nó d'athraithigh. Mura bhfuil bearta áirithe oiriúnach i gcomhthéacs áitiúil, eacnamaíoch nó aeráide, ba cheart do na Ballstáit é sin a léiriú agus iad ag tuairisciú don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 6 den Rialachán seo.

2.3. Sainaithneoidh na Ballstáit freisin bearta/pacáistí/athraithigh ina n-úsáidtear fuinneamh in-athnuaite d'fhoirgnimh nua agus d'fhoirgnimh atá ann cheana araon. Oibleagáidí ceangailteacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta lena dtrasuitear Airteagal 15a de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), measfar gur beart/pacáiste/athraitheach amháin iad atá le cur i bhfeidhm sa Bhallstát sin.

2.4. Maidir le bearta/pacáistí/athraithigh éifeachtúlachta fuinnimh arna sainaithint chun na ceanglais is fearr costas a ríomh, áireofar iontu na bearta is gá chun na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh is infheidhme faoi láthair a chomhlíonadh. Más infheidhme, áireofar iontu freisin na bearta/pacáistí/athraithigh is gá chun ceanglais na scéimeanna tacaíochta náisiúnta a chomhlíonadh. Áireoidh na Ballstáit freisin na bearta/pacáistí/athraithigh is gá chun na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh d'fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha a chomhlíonadh le haghaidh foirgnimh nua agus b'fhéidir freisin le haghaidh foirgnimh atá ann cheana mar a shainítear in Airteagal 11 de Threoir (AE) 2024/1275.

2.5. Más féidir le Ballstát a léiriú, trí anailísí costais roimhe seo a chur isteach mar chuid den tuairisciú dá dtagraítear in Airteagal 6, go bhfuil bearta/pacáistí/athraithigh áirithe i bhfad ón gcostas is fearr, féadfar iad sin a eisiamh ón ríomh. Mar sin féin, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta/pacáistí/athraithigh den sórt sin san athbhreithniú a dhéanfar ina dhiaidh sin ar na ríomhanna.

2.6. Beidh na bearta éifeachtúlachta fuinnimh roghnaithe agus na bearta bunaithe ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, agus na pacáistí/athraithigh, comhoiriúnach leis na buncheanglais maidir le hoibreacha foirgníochta arna liostú in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2024/3110 agus arna sonrú ag na Ballstáit agus leis na saintréithe bunriachtanacha comhshaoil réamhchinntithe arna liostú in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin. Beidh siad comhoiriúnach freisin le leibhéil cháilíochta na timpeallachta laistigh, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(66) de Threoir (AE) 2024/1275. Breithneofar ceanglais cháilíochta na timpeallachta laistigh a thugtar isteach in Airteagal 7(6), Airteagal 8(3) agus Airteagal 13(5). I gcásanna ina mbíonn leibhéil chompoird éagsúla mar thoradh ar bhearta, beidh sé sin trédhearcach sna ríomhanna.

3. ÚSÁID IOMLÁN FUINNIMH PHRÍOMHÚIL AGUS FEIDHMÍOCHT ASTAÍOCHTAÍ A EASCRAÍONN AS CUR I bhFEIDHM NA mBEART AGUS NA bPACÁISTÍ BEART SIN AR FHOIRGNEAMH TAGARTHA A RÍOMH

3.1. Ríomhtar feidhmíocht fuinnimh i gcomhréir leis an gcreat ginearálta comhchoiteann dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2024/1275.

3.2. Ríomhfaidh na Ballstáit feidhmíocht fuinnimh na mbeart/na bpacáistí/na n-athraitheach tríd an bhfuinneamh is gá le haghaidh téimh agus fuaraithe a ríomh ar dtús, don achar urláir tagartha arna shainiú go náisiúnta. Ina dhiaidh sin,

([1]) Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/oj).

ríomhtar an fuinneamh a sheachadtar le haghaidh téamh spáis, fuarú spáis, aeráil, uisce te tí agus córais soilsithe.

3.3. Ní chuirfear fuinneamh in-athnuaite arna tháirgeadh agus arna fhéinúsáid ar an láthair le haghaidh seirbhísí feidhmíochta fuinnimh foirgneamh san áireamh san úsáid fuinnimh phríomhúil iomlán. Féadfar fuinneamh in-athnuaite a tháirgtear ar an láthair agus a úsáidtear ar an láthair le haghaidh úsáidí nach úsáidí feidhmíochta fuinnimh foirgneamh iad nó a onnmhairítear chuig an eangach a asbhaint ón úsáid fuinnimh phríomhúil. Déanfar táirgeadh fuinnimh in-athnuaite ar an láthair a ríomh trí úsáid a bhaint as samhaltú faoi bhun uair an chloig, in aghaidh na huaire nó míosúil arna choigeartú e.g. trí fhachtóirí ceartúcháin míosúla a mheas.

3.4. Déanfaidh na Ballstáit an úsáid iomlán fuinnimh phríomhúil a bheidh mar thoradh air sin a ríomh trí úsáid a bhaint as fachtóirí coinbhéartachta fuinnimh phríomhúil in-athnuaite agus neamh-in-athnuaite nó as fachtóirí ualaithe in aghaidh an iompróra fuinnimh arna mbunú ar an leibhéal náisiúnta, de bhun Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2024/1275. Tuairisceoidh siad don Choimisiún na fachtóirí coinbhéartachta fuinnimh phríomhúil nó na fachtóirí ualaithe sa tuairisciú dá dtagraítear in Airteagal 6 den Rialachán seo.

3.5. Úsáidfidh na Ballstáit:

(a) na caighdeáin CEN ábhartha atá ann cheana chun feidhmíocht fuinnimh a ríomh;

(b) modh ríofa náisiúnta coibhéiseach ar choinníoll go gcomhlíonann sé Airteagal 2(8) de Threoir (AE) 2024/1275 agus Iarscríbhinn I a ghabhann léi.

3.6. Chun críche an ríomha is fearr costas, sloinnfear torthaí feidhmíochta fuinnimh ina méadair chearnacha d'achar urláir tagartha foirgnimh tagartha agus tagrófar leo, ar a laghad, d'úsáid iomlán fuinnimh phríomhúil.

3.7. Déanfaidh na Ballstáit feidhmíocht na n-astaíochtaí a ríomh freisin trí úsáid a bhaint as fachtóirí astaíochtaí arna mbunú ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus/nó áitiúil. Tagraíonn an fheidhmíocht astaíochtaí, sa chomhthéacs sin, do na hastaíochtaí oibríochtúla. Féadfaidh na Ballstáit poitéinseal téimh dhomhanda ar feadh saolré a chur san áireamh agus, chun na críche sin, féadfaidh siad modheolaíocht ríofa a úsáid de bhun Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2024/1275, arna ceapadh chun poitéinseal téimh dhomhanda foirgneamh nua a ríomh.

3.8. Agus an ríomh á dhéanamh, féadfaidh na Ballstáit athruithe amach anseo ar dhálaí aeráide amuigh faoin aer a chur san áireamh de réir na réamh-mheastachán aeráide is fearr atá ar fáil, lena n-áirítear tonnta teasa agus fuachta. Chun é sin a dhéanamh, féadfaidh na Ballstáit tagairt a dhéanamh do na sonraí maidir le laethanta céime téimh agus laethanta céime fuaraithe, arna bhfoilsiú go bliantúil ag Eurostat chun a réamh-mheastacháin náisiúnta a thógáil, nó tagairt a dhéanamh do na réamh-mheastacháin arna n-ullmhú ag an gCoimisiún agus dá dtagraítear in Iarscríbhinn II. Is féidir foinsí ábhartha eile a úsáid, ar choinníoll go ndéantar iad a dhoiciméadú go leordhóthanach agus a thuairisciú don Choimisiún.

4. AN COSTAS DOMHANDA I dTÉARMAÍ GLANLUACH LÁITHREACH A RÍOMH LE hAGHAIDH GACH FOIRGNIMH TAGARTHA

4.1. **Na catagóirí costais**

Bunóidh na Ballstáit na catagóirí costais ar leith seo a leanas atá le húsáid agus tabharfaidh siad tuairisc orthu, agus tabharfaidh siad dá n-aire go bhfuil na muirir agus na cánacha is infheidhme le heisiamh chun an ríomh ar an leibhéal maicreacnamaíoch a dhéanamh:

(a) *Costais infheistíochta tosaigh*.

(b) *Costais bhliantúla*. Ina theannta sin, d'fhéadfaí a áireamh orthu sin an tuilleamh ón bhfuinneamh a tháirgtear a fhéadfaidh na Ballstáit a chur san áireamh sa ríomh airgeadais más iomchuí.

(c) *Costais bainistíochta dramhaíola*, más iomchuí.

Chun ríomh a dhéanamh ar an leibhéal maicreacnamaíoch, bunóidh na Ballstáit na catagóirí costais seo a leanas freisin:

(d) *Costas astaíochtaí gás ceaptha teasa*. Léireofar leo sin costais oibríochtúla chainníochtaithe agus lascainithe agus ar ar cuireadh luach airgid CO_2 a eascraíonn as astaíochtaí gás ceaptha teasa ina dtonaí de choibhéis CO_2 le linn na tréimhse ríomha. Má roghnaíonn Ballstát an poitéinseal téimh dhomhanda ar feadh saolré a chur san áireamh chun na leibhéil is fearr costas a ríomh, lena léirítear an méid foriomlán a chuireann a foirgneamh le linn a shaolré iomláine le hastaíochtaí arb é an t-athrú aeráide atá mar thoradh orthu, féadfar costas na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a leathnú chun é a chur san áireamh.

(e) *Costas seachtrachtaí comhshaoil agus sláinte a bhaineann le húsáid fuinnimh*. Léireoidh siad sin costais oibríochtúla chainníochtaithe agus ar ar cuireadh luach airgid na dtruailleán aeir a bhaineann le húsáid fuinnimh (is iad sin, $PM_{2,5}$ agus NOx ar a laghad).

4.2. **Prionsabail ghinearálta maidir le costas a ríomh**

(a) Agus forbairtí ar chostais fuinnimh á réamh-mheas, féadfaidh na Ballstáit an fhorbairt ar phraghsanna fuinnimh dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a úsáid le haghaidh ola, gáis agus guail, ag tosú leis na dearbhphraghsanna meánacha fuinnimh (arna sloinneadh ina euro) do na foinsí fuinnimh sin i mbliain an ríomha.

Bunóidh na Ballstáit freisin réamhaisnéisí náisiúnta maidir le forbairtí ar phraghsanna fuinnimh d'iompróirí eile fuinnimh a úsáidtear go forleathan ina gcomhthéacs réigiúnach/áitiúil agus, más iomchuí, le haghaidh taraifí buaiclóid freisin. Déanfaidh siad na treochtaí i bpraghsanna réamh-mheasta agus sciartha reatha na n-iompróirí fuinnimh éagsúla in úsáid fuinnimh foirgneamh a thuairisciú don Choimisiún.

(b) Féadfar éifeacht na bhforbairtí ar phraghsanna amach anseo (a bhfuiltear ag súil leo) maidir le costais seachas costais fuinnimh, athsholáthar eilimintí foirgnimh le linn na tréimhse ríomha, agus costais bainistithe dramhaíola i gcás inarb infheidhme, a chur san áireamh freisin i ríomh na gcostas. Ní mór forbairtí ar phraghsanna, lena n-áirítear forbairtí trí nuálaíocht agus oiriúnú teicneolaíochtaí, a chur san áireamh agus na ríomhanna á n-athbhreithniú agus á dtabhairt cothrom le dáta. Chuige sin, féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as na toimhdí maidir le costas teicneolaíochta dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

(c) Beidh sonraí costais le haghaidh chatagóirí costais (a) go (c) bunaithe ar an margadh agus beidh siad comhleanúnach maidir le suíomh agus am. Ba cheart costais a shloinneadh mar fhíorchostais gan boilsciú a áireamh. Déanfar measúnú ar na costais ar leibhéal na tíre.

(d) Agus costas foriomlán birt/pacáiste/athraithigh á chinneadh, féadfar an méid seo a leanas a fhágáil ar lár:

(a) costais atá mar an gcéanna le haghaidh gach birt/pacáiste/athraithigh mheasúnaithe;

(b) costais a bhaineann le heilimintí foirgnimh nach bhfuil aon tionchar acu ar fheidhmíocht fuinnimh foirgnimh ná, i gcás inarb ábhartha, ar fheidhmíocht astaíochtaí foirgnimh.

Ní mór na costais eile go léir a chur san áireamh go hiomlán agus costais dhomhanda á ríomh.

(e) Cinnfear an luach iarmharach le dímheas de réir méid chothroim ar chostas infheistíochta tosaigh nó ar chostas athsholáthair eiliminte foirgnimh ar leith go dtí deireadh na tréimhse ríomha arna lascainiú go dtí tús na tréimhse ríomha. Cinntear an t-am dímheasa de réir saolré eacnamaíoch foirgnimh nó eilimint foirgnimh. D'fhéadfadh sé gur ghá luachanna iarmharacha eilimintí foirgnimh a cheartú don chostas a bhaineann lena mbaint den fhoirgneamh ag deireadh shaolré eacnamaíoch mheasta an fhoirgnimh.

(f) Déanfar costais bainistíochta dramhaíola, más infheidhme, a lascainiú agus is féidir iad a dhealú leis an luach deiridh. D'fhéadfadh sé gur ghá iad a lascainiú ar dtús ar ais ón saolré eacnamaíoch mheasta go dtí deireadh na tréimhse ríomha agus sa dara céim a lascainiú ar ais go dtí tús na tréimhse ríomha.

(g) Ag deireadh na tréimhse ríomha, cuirtear costais bainistithe dramhaíola (más infheidhme) nó luach iarmharach na gcomhpháirteanna agus na n-eilimintí foirgnimh san áireamh chun na costais deiridh le linn shaolré eacnamaíoch mheasta an fhoirgnimh a chinneadh.

(h) Úsáidfidh na Ballstáit tréimhse ríomha 30 bliain ar a laghad le haghaidh foirgnimh chónaithe agus phoiblí, agus tréimhse ríomha 20 bliain ar a laghad le haghaidh foirgnimh thráchtála neamhchónaithe.

(i) Moltar do na Ballstáit Iarscríbhinn D a ghabhann le EN 15459-1 maidir le sonraí eacnamaíocha le haghaidh eilimintí foirgnimh a úsáid agus saolréanna eacnamaíocha measta á sainiú acu do na heilimintí foirgnimh sin. Má bhunaítear saolréanna eacnamaíocha measta eile le haghaidh eilimintí foirgnimh, ba cheart iad sin a thuairisciú don Choimisiún mar chuid den tuairisciú dá dtagraítear in Airteagal 6. Saineoidh na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta saolré eacnamaíoch réamh-mheasta foirgnimh.

4.3. **Costais dhomhanda a ríomh le haghaidh ríomh airgeadais**

(a) Agus costas domhanda birt/pacáiste/athraithigh don ríomh airgeadais á chinneadh, is iad na praghsanna ábhartha atá le cur san áireamh na praghsanna a d'íoc an custaiméir lena n-áirítear gach cáin is infheidhme lena n-áirítear CBL agus muirir. Go hidéalach freisin, tá na fóirdheontais atá ar fáil le haghaidh athraithigh/pacáistí/bearta éagsúla le cur san áireamh sa ríomh, ach is féidir leis na Ballstáit rogha a dhéanamh fóirdheontais a fhágáil ar leataobh, agus é á áirithiú, áfach, go mbainfear amach fóirdheontais agus scéimeanna tacaíochta araon le haghaidh teicneolaíochtaí sa chás sin ach, b'fhéidir, go mbainfear amach fóirdheontais atá ann cheana le haghaidh praghsanna fuinnimh.

(b) Déanfar costais fhoriomlána le haghaidh foirgneamh agus eilimintí foirgnimh a ríomh trí na cineálacha éagsúla costas a shuimiú agus an ráta lascaine a chur i bhfeidhm maidir leo sin trí bhíthin fachtóir lascaine chun iad a léiriú i dtéarmaí luacha sa bhliain tosaigh, móide an luach iarmharach lascainithe mar seo a leanas:

$$C_g(\tau) = C_I + \sum_j [\sum_i^{\tau} \left(C_{a,i}(j) \times R_d(i) \right) - V_{f,\tau}(j)]$$

áit a bhfuil:

τ	ciallaíonn sé an tréimhse ríomha
$C_g(\tau)$	ciallaíonn sé costas domhanda (le tagairt don bhliain tosaigh τ_0) le linn na tréimhse ríomha
C_I	ciallaíonn sé costais infheistíochta tosaigh le haghaidh an bhirt nó an tacair beart j
$C_{a,i}(j)$	ciallaíonn sé costas bliantúil le linn na bliana i le haghaidh an bhirt nó an tacair beart j
$V_{f,\tau}(j)$	ciallaíonn sé luach iarmharach an bhirt nó an tacair beart j ag deireadh na tréimhse ríomha (lascainithe chuig an mbliain tosaigh τ_0)
$R_d(i)$	ciallaíonn sé fachtóir lascaine le haghaidh na bliana i bunaithe ar an ráta lascaine r atá le ríomh

mar:

$$R_d(p) = \left(\frac{1}{1 + r/100} \right)^p$$

i gcás ina gciallaíonn p an líon blianta ó thús na tréimhse tosaigh agus ina gciallaíonn r an fíor-ráta lascaine.

(c) Cinnfidh na Ballstáit an ráta lascaine atá le húsáid sa ríomh airgeadais tar éis dóibh anailís íogaireachta a dhéanamh ar dhá ráta éagsúla ar a laghad dá rogha féin.

4.4. **Costais dhomhanda a ríomh don ríomh maicreacnamaíoch**

(a) Agus costas domhanda birt/pacáiste/athraithigh don ríomh maicreacnamaíoch á chinneadh, is iad na praghsanna ábhartha atá le cur san áireamh na praghsanna gan na cánacha, CBL, muirir agus fóirdheontais uile is infheidhme a áireamh.

(b) Agus costas domhanda birt/pacáiste/athraithigh á chinneadh ar an leibhéal maicreacnamaíoch, sa bhreis ar na catagóirí costais a liostaítear faoi 4.1, pointí (a) go (c), cuirtear catagóirí costais eile san áireamh ionas gurb é seo a leanas modheolaíocht choigeartaithe an chostais dhomhanda:

$$C_g(\tau) = C_I + \sum_j [\sum_i^{\tau} \left((C_{a,i}(j) + C_{a,EN,i}(j) \right) \times R_d(i) + C_{C,i}(j) \right) - V_{f,\tau}(j)]$$

áit a bhfuil:

$C_{a,EN,i}$ (j)	ciallaíonn sé costas bliantúil na seachtrachtaí comhshaoil agus sláinte a bhaineann le húsáid fuinnimh le haghaidh an bhirt nó an tacair beart j le linn na bliana i
$C_{C,i}$ (j)	ciallaíonn sé costas carbóin le haghaidh an bhirt nó an tacair beart j le linn na bliana i.

(c) Ríomhfaidh na Ballstáit costas carbóin carntha na mbeart/na bpacáistí/na n-athraitheach le linn na tréimhse ríomha trí shuim na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa bliantúla arna n-iolrú faoi na praghsanna ionchasacha in aghaidh na coibhéise tona CO_2 de lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a ghlactar i ngach bliain a eisítear, agus moltar dóibh na conairí praghsanna carbóin is déanaí arna soláthar ag an gCoimisiún a úsáid mar phríomhpharaiméadar molta le haghaidh réamh-mheastacháin náisiúnta GCT (dá dtagraítear in Iarscríbhinn II).

(d) Chun costas bliantúil na seachtrachtaí comhshaoil agus sláinte a bhaineann le húsáid fuinnimh le haghaidh beart/pacáistí/athraitheach a ríomh, déanfaidh na Ballstáit na hastaíochtaí truailleán bliantúla comhfhreagracha a iolrú faoin bpraghas sonrach in aghaidh an tona. Is iad mínábhar cáithníneach ($PM_{2,5}$) agus ocsaídí nítrigine (NOx) na truailleáin ar a laghad atá le cur san áireamh sa ríomh seo. Chun na costais a ríomh, moltar do na Ballstáit na luachanna dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a úsáid mar thagairt agus féadfaidh siad a chinneadh freisin truailleáin aeir ábhartha eile a luaitear in Airteagal 1 de Threoir (AE) 2016/2284 a áireamh sa ríomh: dé-ocsaíd sulfair (SO_2) agus comhdhúile so-ghalaithe orgánacha neamh-mheatáin. Chun seachtrachtaí comhshaoil agus sláinte a bhaineann le húsáid fuinnimh a ríomh, is féidir luachanna tagartha i dtéarmaí astaíochtaí truailleán ó fhoinsí fuinnimh éagsúla (g/kWh de bhreosla) a fháil i dtreoirleabhar EMEP/EEA maidir le fardal astuithe truailleán aeir agus sa bhunachar sonraí gaolmhar maidir le fachtóirí astaíochta.

(e) Cinnfidh na Ballstáit an ráta lascaine atá le húsáid sa ríomh maicreacnamaíoch tar éis dóibh anailís íogaireachta a dhéanamh ar dhá ráta éagsúla ar a laghad, a mbeidh 3 % i dtéarmaí réadacha i gceann acu.

5. ANAILÍS ÍOGAIREACHTA A DHÉANAMH LE hAGHAIDH SONRAÍ COSTAS IONCHUIR LENA nÁIRÍTEAR PRAGHSANNA FUINNIMH

Is é is cuspóir d'anailís íogaireachta na paraiméadair is tábhachtaí de ríomh is fearr costas a shainaithint. Déanfaidh na Ballstáit anailís íogaireachta ar na rátaí lascaine ag úsáid dhá ráta lascaine ar a laghad an ceann arna sloinneadh i dtéarmaí réadacha don ríomh maicreacnamaíoch agus dhá ráta lascaine don ríomh airgeadais. Is é 3 % i dtéarmaí réadacha a bheidh i gceann de na rátaí lascaine a úsáidfear don anailís íogaireachta don ríomh maicreacnamaíoch. Déanfaidh na Ballstáit anailís íogaireachta ar na cásanna d'fhorbairt ar phraghsanna fuinnimh do na hiompróirí fuinnimh uile a úsáidtear go forleathan i bhfoirgnimh ina gcomhthéacs náisiúnta. Moltar an anailís íogaireachta a leathnú chuig sonraí ionchuir ríthábhachtacha eile freisin, lena n-áirítear, mar shampla, praghsanna teicneolaíochta amach anseo, fachtóirí fuinnimh phríomhúil agus fachtóirí ualaithe, fachtóirí astaíochta.

6. AN LEIBHÉAL FEIDHMÍOCHTA FUINNIMH IS FEARR COSTAS A DHÍORTHÚ DO GACH FOIRGNEAMH TAGARTHA

6.1. I gcás gach foirgnimh tagartha, déanfaidh na Ballstáit comparáid idir torthaí an chostais dhomhanda arna ríomh le haghaidh bearta éagsúla éifeachtúlachta fuinnimh agus bearta bunaithe ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus ar phacáistí/athraithigh na mbeart sin.

6.2. I gcásanna ina dtugann toradh na ríomhanna is fearr costas an raon costais dhomhanda céanna le haghaidh leibhéil éagsúla feidhmíochta fuinnimh, moltar do na Ballstáit úsáid a bhaint as na ceanglais as a n-eascraíonn úsáid níos ísle fuinnimh iomláin phríomhúil mar bhonn chun comparáid a dhéanamh leis na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh atá ann cheana. Moltar do na Ballstáit freisin úsáid a bhaint as na ceanglais lena n-íoslaghdaítear riachtanais fuinnimh an fhoirgnimh.

6.3. A luaithe a dhéanfar cinneadh an mbeidh an ríomh maicreacnamaíoch nó an ríomh airgeadais le bheith ina thagarmharc náisiúnta, déanfar meáin na leibhéal feidhmíochta fuinnimh is fearr costas arna ríomh le haghaidh na bhfoirgneamh tagartha uile a úsáidtear, i dteannta a chéile, a ríomh chun iad a chur i gcomparáid le meáin na gceanglas feidhmíochta fuinnimh atá ann cheana le haghaidh na bhfoirgneamh tagartha céanna Déanfar é sin chun go mbeifear in ann an bhearna idir na ceanglais feidhmíochta fuinnimh atá ann cheana agus na leibhéil is fearr costas arna ríomh a ríomh.

IARSCRÍBHINN II

Sonraí agus réamh-mheastacháin sonraí ábhartha

Tá na sonraí agus na réamh-mheastacháin sonraí a áirítear sa tábla seo a leanas ar fáil do na Ballstáit lena n-íoslódáil ón leathanach gréasáin tiomnaithe faoin Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh ([1]), ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh.

Tagróidh an fhaisnéis do na sonraí is déanaí atá ar fáil agus tabharfar cothrom le dáta go rialta í, e.g. nuair a bheidh faisnéis ábhartha nua ar fáil.

Féadfaidh na Ballstáit a dtoimhdí féin a úsáid le haghaidh sonraí agus réamh-mheastacháin sonraí, ar choinníoll go ndéantar iad a dhoiciméadú go leordhóthanach agus a thuairisciú don Choimisiún.

	Réamh-mheastachán sonraí	Leibhéal an Aontais	Leibhéal na mBallstát
A	Forbairtí ar phraghsanna fuinnimh fadtéarmacha a mheastar a bheidh ann	X	
B	Costais chomhshaoil le haghaidh truailleáin aeir	X	X
C	Réamh-mheastacháin laethanta céime téimh	X	X
D	Réamh-mheastacháin laethanta céime fuaraithe	X	X
E	Toimhdí maidir le costas teicneolaíochta	X	

1. FAISNÉIS FAOI FHORBAIRTÍ AR PHRAGHSANNA FUINNIMH FADTÉARMACHA A MHEASTAR A BHEIDH ANN

Chun a ríomhanna a dhéanamh, féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as an gconair praghsanna breosla iontaise arna soláthar ag an gCoimisiún mar phríomhpharaiméadar molta (de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2018/1999 ([2])). Féadfaidh na Ballstáit na forbairtí ar phraghsanna leictreachais a mheastar a bheidh ann a chur san áireamh, i gcás ina bhforálann an Coimisiún Eorpach dó sin.

2. FAISNÉIS MAIDIR LE COSTAIS CHOMHSHAOIL LE hAGHAIDH TRUAILLEÁIN EILE

Chun a ríomhanna maicreacnamaíocha a dhéanamh, chun luach airgid a chur ar astaíochtaí truailleán aeir, agus ar an gcaoi sin seachtrachtaí comhshaoil agus sláinte a bhaineann le húsáid fuinnimh a ríomh, moltar do na Ballstáit úsáid a bhaint as na costais in aghaidh an aonaid astaíochtaí truailleán (EUR/g) arna soláthar ag an gCoimisiún agus arna gcur ar fáil lena n-íoslódáil mar a léirítear thuas.

3. FAISNÉIS FAOI FHORBAIRTÍ AR PHRAGHSANNA CARBÓIN FADTÉARMACHA A MHEASTAR A BHEIDH ANN

Chun a ríomhanna maicreacnamaíocha a dhéanamh, moltar do na Ballstáit conair praghsanna carbóin CTA AE is déanaí arna soláthar ag an gCoimisiún a úsáid mar phríomhpharaiméadar molta le haghaidh réamh-mheastacháin náisiúnta GCT (de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2018/1999).

([1]) https://energy.ec.europa.eu/topics/energy-efficiency/energy-efficient-buildings/energy-performance-buildings-directive_en#energy-performance-of-buildings-standards.

([2]) Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32018R1999).

IARSCRÍBHINN III

Teimpléad tuairiscithe a úsáidfidh na Ballstáit chun tuairisciú don Choimisiún de bhun Airteagal 6(2) de Threoir (AE) 2024/1275 agus Airteagal 6 den Rialachán seo

1. FOIRGNIMH THAGARTHA

1.1. Tuarascáil ar fhaisnéis shintéiseach na bhfoirgneamh tagartha le haghaidh na gcatagóirí foirgneamh uile agus ar an gcaoi a bhfuil siad ionadaíoch maidir leis an stoc foirgneamh trí úsáid a bhaint as Tábla 1 (foirgnimh atá ann cheana) agus Tábla 2 (foirgnimh nua). Féadfar faisnéis bhreise a chur le hiarscríbhinn nó leis an téacs a ghabhann leis na táblaí ábhartha.

1.2. Tabhair sainmhíniú ar an achar urláir tagartha a úsáidtear i do thír féin agus ar an gcaoi a ríomhtar é.

1.3. Liostaigh na critéir roghnúcháin a úsáidtear chun gach foirgneamh tagartha a shainiú (idir fhoirgnimh nua agus fhoirgnimh atá ann cheana): e.g. anailís staidrimh bunaithe ar úsáid, aois, geoiméadracht, criosanna aeráide, struchtúir chostais, ábhar tógála, etc., lena dtugtar isteach freisin na dálaí aeráide laistigh agus lasmuigh, agus suíomh geografach.

1.4. I gcás inar laghdaigh Ballstát líon na bhfoirgneamh tagartha trí úsáid a bhaint as foirgneamh tagartha a fhreastalaíonn ar roinnt catagóirí foirgneamh, tabharfaidh sé údar cuí leis an gcur chuige sin ar bhonn anailís a léiríonn go bhfuil an foirgneamh tagartha ionadaíoch maidir leis an stoc foirgneamh do na catagóirí uile a chumhdaítear.

1.5. Tabhair le fios an foirgneamh samplach, foirgneamh fíorúil, etc. é d'fhoirgneamh tagartha.

1.6. Tabhair le fios an tacar sonraí foluiteach don stoc náisiúnta foirgneamh.

1.7. Ba cheart na foirgnimh agus na fochatagóirí uile a liostú i dTáblaí 1 agus 2. I gcás ina gcinneann na Ballstáit, i gcás mionathruithe (e.g. nach n-athraítear ach paraiméadar amháin), gan gach foirgneamh tagartha a bhreithnítear a áireamh, ceanglaítear orthu líon na n-athruithe a chuirtear san áireamh le haghaidh gach catagóire a chur san áireamh sa cholún ábhartha.

1.8. Líonfar Tábla 3 le haghaidh gach foirgnimh tagartha ina chodanna uile, ach amháin mura bhfuil sé ábhartha paraiméadar sonrach a thabhairt isteach chun an ríomh a thuairisciú. Is féidir cineálacha cur chuige a bheith éagsúil idir foirgnimh thagartha nua agus foirgnimh thagartha atá ann cheana. I gcás foirgnimh nua, ar bhonn na caoi a socraítear na ríomhanna, ní gá ach buntréithe gach foirgnimh tagartha a thuairisciú i dTábla 3, agus is féidir torthaí na mbeart/na bpacáistí/na n-athraitheach a thuairisciú i dTábla 5. Is féidir an colún 'Tuairisc' a úsáid chun mínithe agus barúlacha a thabhairt. Ina theannta sin, moltar do na Ballstáit paraiméadair a chur isteach a mheasann siad a bheith ábhartha chun na ríomhanna a thuairisciú, lena n-áirítear eilimintí deonacha a chinn siad a áireamh sna ríomhanna.

1.9. Is ranna ginearálta iad na chéad ranna de Thábla 3 ('Ríomh', 'Dálaí Aeráide', 'Pointí socraithe foirgneamh agus sceidil') agus ní gá iad a thuairisciú le haghaidh gach foirgnimh tagartha, mura n-athraíonn siad. I gcás den sórt sin, féadfar na ranna sin a thuairisciú ar leithligh freisin agus léiriú soiléir a thabhairt ar na foirgnimh thagartha a bhfuil feidhm acu maidir leo.

1.10. Má dhéantar anailís ar athruithe san fhoirgneamh tagartha céanna agus má ríomhtar an foirgneamh tagartha céanna i gcriosanna aeráide éagsúla na críche náisiúnta, féadfar an colún 'Cainníocht' i dTábla 3 a mhacasamhlú agus a líonadh isteach leis an bhfaisnéis ábhartha, agus leis an bhfaisnéis sin amháin, gan gá an tábla iomlán a atáirgeadh.

Tábla 1

Foirgneamh tagartha d'fhoirgnimh atá ann cheana (athchóiriú ollmhór)

D'fhoirgnimh atá ann cheana	Geoiméadracht foirgnimh [1]	Sciartha d'achar fuinneoige ar an imchlúdach foirgnimh agus fuinneoga gan rochtain ar an ngrianfhuinneamh	Achar urláir m^2 mar a úsáidtear i gcód foirgníochta	Tuairisc ar an bhfoirgneamh [2]	Tuairisc ar an meánteicneolaíocht tógála [3]	Meánfheidhmíocht iomlán fuinnimh phríomhúil kWh/m^2y (roimh infheistíocht) [4]	Ceanglais maidir le leibhéal na comhpháirte (luach tipiciúil) (i gcás inarb ábhartha)	An líon iomlán athruithe (más ábhartha)
(1) **Foirgnimh aonteaghlaigh agus fochatagóirí**								
Fochatagóir 1								
Fochatagóir 2 etc.								
(2) **Bloic árasán agus foirgnimh ilteaghlaigh agus fochatagóirí**								
(3) **Foirgnimh oifigí agus fochatagóirí**								
(4) **Catagóirí eile d'fhoirgnimh neamhchónaithe**								

[1] Achar urláir tagartha, D/T (dromchla go toirt), treoshuíomh, achar aghaidhe an tuaiscirt/iarthair/deiscirt/oirthir (T/I/D/O).
[2] Tréimhse tógála/aoise (más iomchuí), ábhar tógála, aerdhíonacht thipiciúil (cáilíochtúil), patrún úsáide (más iomchuí).
[3] Córais theicniúla foirgneamh; U-luachanna na n-eilimintí foirgnimh; achar, U-luach agus g-luach na bhfuinneog; scáthú; etc.
[4] Áirítear gach úsáid feidhmíochta fuinnimh foirgneamh: téamh, uisce te tí, aeráil, fuarú, soilsiú ionsuite agus fuinneamh cúnta.

Tábla 2

Foirgneamh tagartha d'fhoirgnimh nua

D'fhoirgnimh nua	Geoiméadracht foirgnimh [1]	Sciartha d'achar fuinneoige ar an imchlúdach foirgnimh agus fuinneoga gan rochtain ar an ngrianfhuinneamh	Achar urláir m^2 mar a úsáidtear i gcód foirgníochta	Tuairisc ar an bhfoirgneamh	Tuairisc ar an meánteicneolaíocht tógála	Meánfheidhmíocht iomlán fuinnimh phríomhúil kWh/m [2]y (roimh infheistíocht) [2]	Ceanglais maidir le leibhéal na comhpháirte (i gcás inarb ábhartha)	An líon iomlán athruithe (más ábhartha)
(1) **Foirgnimh aonteaghlaigh agus fochatagóirí**								
Fochatagóir 1								
Fochatagóir 2 etc.								
(2) **Bloic árasán agus foirgnimh ilteaghlaigh agus fochatagóirí**								
(3) **Foirgnimh oifigí agus fochatagóirí**								
(4) **Catagóirí eile d'fhoirgnimh neamhchónaithe**								

[1] Achar urláir tagartha, D/T, achar aghaidhe T/I/D/O. Le tabhairt faoi deara: d'fhéadfadh treoshuíomh an fhoirgnimh a bheith ina bheart éifeachtúlachta fuinnimh ann féin cheana féin i gcás foirgnimh nua.

[2] Féadfar paraiméadair eile a úsáid, i gcás inarb ábhartha.

Tábla 3

Sampla de thábla tuairiscithe bunúsach le haghaidh sonraí atá ábhartha maidir le feidhmíocht fuinnimh

				Cainníocht	Aonad	Tuairisc
Foirgneamh Tagartha					-	I gcás inarb ábhartha, tabhair tuairisc ar na hathraithigh, má thuairiscítear athraithigh de chuid na bhfoirgneamh tagartha céanna tríd an gcolún 'cainníocht' a dhúbláil. Sonraigh cé acu atá nó nach bhfuil an foirgneamh i limistéar tuaithe, uirbeach nó cathrach.
Ríomh	Modh agus uirlis(í)				-	Tuairisc ghairid ar an modh ríofa a glacadh (e.g. faoi threoir ISO 52016-1) agus barúil ar an uirlis ríofa/na huirlisí ríofa a úsáideadh
	Tréimhse ríomha				blianta	I gcás inarb ábhartha, déan idirdhealú de réir an chineáil foirgnimh.
	Fachtóirí coinbhéartachta fuinnimh phríomhúil	Iompróir fuinnimh 1	Iomlán		-	Luachanna na bhfachtóirí fuinnimh phríomhúil nó na bhfachtóirí ualaithe (in aghaidh an iompróra fuinnimh) a úsáidtear chun an ríomh a dhéanamh. Fachtóirí le difreáil de réir sciar iomlán, in-athnuaite agus neamh-inathnuaite. Sonraigh fachtóirí ceartúcháin féideartha a breithníodh. Déanfar na roghanna arna ndéanamh agus na foinsí sonraí a thuairisciú de réir EN 17423 nó de réir aon bhundoiciméad.
			Neamh-inathnuaite		-	
			In-athnuaite		-	
	Fachtóirí astaíochtaí GCT	Iompróir fuinnimh 1			g/kWh	Luachanna fachtóirí astaíochtaí GCT (in aghaidh an iompróra fuinnimh) a úsáidtear chun an ríomh a dhéanamh
	Fachtóir astaíochtaí truailleán aeir	Iompróir fuinnimh 1	$PM_{2,5}$		g/kWh	Luachanna fachtóirí astaíochtaí truailleán (in aghaidh an iompróra fuinnimh) a úsáidtear chun an ríomh a dhéanamh. Cuir rónna eile isteach má chuirtear truailleáin eile seachas $PM_{2,5}$ agus NOx san áireamh. I gcás inarb ábhartha, léirigh an nglactar leis na fachtóirí atá ann faoi láthair nó leis an meán le linn na tréimhse meastóireachta
			NOx			
Dálaí aeráide	Suíomh				-	Ainm na cathrach agus léiriú ar an domhanleithead agus ar an domhanfhad
	Crios aeráide					De réir aicmiú creasa aeráide náisiúnta, má tá fáil air
	Laethanta céime téimh				HDD	Is féidir laethanta céime téimh agus laethanta céime fuaraithe a mheas de réir EN ISO 15927-6, agus an tréimhse ríomha á sonrú. Léirigh ar cuireadh sonraí aeráide agus na hathruithe a thiocfaidh orthu amach anseo san áireamh de réir na réamh-mheastachán aeráide is fearr atá ar fáil, lena n-áirítear tonnta teasa agus fuachta agus foinsí na sonraí réamh-mheastachán
	Laethanta céime fuaraithe				CDD	
	Foinse an tacair sonraí aeráide				-	Soláthair tagairtí maidir leis an tacar sonraí aeráide a úsáidtear chun an ríomh a dhéanamh

				Cainníocht	Aonad	Tuairisc
Pointí socraithe foirgneamh agus sceidil	Pointe socraithe teochta	Geimhreadh			°C	Teocht oibríoch laistigh nó paraiméadair ábhartha eile a shocraítear i gcomhréir le ceanglais IEQ
		Samhradh			°C	
	Pointe socraithe bogthaise	Geimhreadh			%	Bogthaise choibhneasta laistigh nó paraiméadair ábhartha eile a shocraítear i gcomhréir le ceanglais IEQ
		Samhradh			%	
	Sceidil agus rialuithe oibríochta	Áitíocht			-	Tabhair barúlacha nó tagairtí (caighdeáin Eorpacha nó náisiúnta, etc.) maidir leis na sceidil a úsáidtear chun an ríomh a dhéanamh. Ba cheart sceideal a dhifreáil go hiomchuí de réir an chineáil foirgnimh agus ní gá iad a mhacasamhlú le haghaidh gach foirgnimh tagartha.
		Soilsiú			-	
		Fearais			-	
		Aeráil			-	
		Córas téimh			-	
		Córas fuaraithe			-	
Geoiméadracht foirgnimh	Toirt (nó Fad × Leithead × Airde)				m^3 (nó m × m × m)	Bainteach leis an toirt aeir théite/chóirithe (e.g. i gcomhréir le ISO 52016-1) agus, i gcás inarb ábhartha, toise cothrománach na haghaidhe ó dheas á chur san áireamh mar 'fad'
	Líon na n-urlár				-	I gcás inarb ábhartha
	Cóimheas D/T (dromchla go toirt)				m^2/m^3	-
	Cóimheas an achair fuinneoige thar achar iomlán an imchlúdaigh foirgnimh		D/O/T/I agus/nó iomlán		%	Tuarascáil ina sonraítear an cóimheas iomlán de réir treoshuíomh aghaidhe nó, mar mhalairt air sin, tuairiscigh an cóimheas iomlán
	Treoshuíomh				°	Uillinn asamait na haghaidhe theas (diall ó threo theas na haghaidhe le treoshuíomh 'theas')

			Cainníocht	Aonad	Tuairisc
Neartú inmheánach	Úsáid foirgnimh			-	De réir na gcatagóirí foirgneamh a mholtar in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Treoir (AE) 2024/1275
	Meán-neartú teirmeach ó áititheoirí			W/m^2	-
	Cumhacht leictreach shonrach an chórais soilsithe			W/m^2	Cumhacht leictreach iomlán chóras soilsithe iomlán na seomraí cóirithe (na lampaí uile + trealamh rialaithe an chórais soilsithe), i gcás inarb ábhartha
	Cumhacht leictreach shonrach trealaimh leictrigh			W/m^2	I gcás inarb ábhartha
Eilimintí foirgnimh	U-luach meánach na mballaí			W/m^2K	U-luach ualaithe na mballaí uile: U_balla = (U_balla_1 × A_balla_1 + U_balla_2 × A_balla_2 +... + U_balla_n × A_balla_n)/(A_balla_1 + A_balla_2 +... + A_balla_n); áit a bhfuil: U_balla_i = U-luach an chineáil balla i; A_balla_i = dromchla iomlán den chineál balla i
	U-luach meánach an dín			W/m^2K	Cosúil le ballaí
	U-luach meánach an íoslaigh			W/m^2K	Cosúil le ballaí
	U-luach meánach na bhfuinneog			W/m^2K	Cosúil le ballaí; ba cheart an droichead teirmeach mar gheall ar an bhfráma agus na ballaí deighilte a chur san áireamh ann (e.g. de réir EN ISO 10077-1)
	Droichid theirmeacha	Fad iomlán		m	-
		Tras-seoladh meánach líneach teirmeach		W/mK	-
	Toilleadh teirmeach in aghaidh an aonaid achair	Ballaí seachtracha		J/m^2K	Meastóireacht le déanamh orthu de réir na gcaighdeán ábhartha, mar shampla EN ISO 13786
		Ballaí inmheánacha		J/m^2K	
		Leaca		J/m^2K	
	Cineál córas scáthaithe			-	E.g. dallóg ghréine, comhla rolladh suas, cuirtíní, etc.
	G-luach meánach	Gloiniú		-	Tras-seoladh grianfhuinnimh iomlán an ghloinithe (le haghaidh radaíocht atá ingearach leis an ngloiniú): luach ualaithe de réir réimse na n-eilimintí trédhearcacha éagsúla
		Gloiniú + scáthú		-	Tras-seoladh grianfhuinnimh iomlán le haghaidh gloiniú agus gléasanna cosanta gréine seachtracha a bhfuil meastóireacht le déanamh orthu de réir na gcaighdeán ábhartha, mar shampla, EN ISO 52022-1
	Ráta insíothlaithe (athruithe aeir in aghaidh na huaire)			1/u	E.g. arna ríomh le haghaidh difríocht brú laistigh/lasmuigh de 50 Pa

			Cainníocht	Aonad	Tuairisc
Córais foirgnimh	Córas aerála	Ráta aerála		1/s	Meastóireacht le déanamh orthu de réir na gcaighdeán ábhartha, mar shampla, EN 16798
		Éifeachtúlacht aisghabhála teasa		%	
	Éifeachtúlachtaí an chórais téimh	Giniúint		%	Meastóireacht le déanamh orthu de réir caighdeáin ábhartha, mar shampla EN 15316-1, EN 15316-2-1, EN 15316-4-1, EN 15316-4-2, EN 15120, EN 14825, EN 14511, agus athbhreithnithe ina dhiaidh sin
		Dáileadh		%	
		Astaíocht		%	
		Rialú		%	
	Éifeachtúlachtaí an chórais aerchóirithe	Giniúint		%	Meastóireacht le déanamh orthu de réir caighdeáin ábhartha, mar shampla EN 14825, EN 16798-13, EN 14511, EN 15120, agus athbhreithnithe ina dhiaidh sin
		Dáileadh		%	
		Astaíocht		%	
		Rialú		%	
	Éifeachtúlachtaí an chórais uisce te tí	Giniúint		%	Meastóireacht le déanamh orthu de réir na gcaighdeán ábhartha
		Rialú		%	
Riachtanas fuinnimh foirgnimh	Rannchuidiú fuinnimh (teirmeach) na bpríomhstraitéisí éighníomhacha a cuireadh chun feidhme	(1) ...		kWh/(m²y)	E.g. tithe gloine gréine, aeráil nádúrtha, soilsiú lae, etc., i gcás inarb ábhartha
		(2) ...		kWh/(m²y)	
		(3) ...		kWh/(m²y)	
	Riachtanas fuinnimh le haghaidh téimh			kWh/(m²y)	Teas atá le seachadadh chuig spás cóirithe nó le baint as chun na dálaí teochta beartaithe a choinneáil ar bun le linn tréimhse áirithe ama
	Riachtanas fuinnimh le haghaidh fuaraithe			kWh/(m²y)	
	Riachtanas fuinnimh le haghaidh uisce tí te			kWh/(m²y)	Teas atá le seachadadh go dtí an méid uisce te tí is gá chun a theocht a ardú ó theocht an ghréasáin fhuar go dtí an teocht seachadta réamhshuite ag an bpointe seachadta
	Riachtanas fuinnimh le haghaidh fuinneamh eile (bogthaisiú, díthaisiú)			kWh/(m²y)	Teas folaigh sa ghal uisce atá le seachadadh chuig spás cóirithe nó le baint as ag córas teicniúil foirgneamh chun bogthaise íosta nó uasta shonraithe a choinneáil ar bun laistigh den spás (más infheidhme)

				Cainníocht	Aonad	Tuairisc
Úsáid fuinnimh foirgneamh	Úsáid fuinnimh le haghaidh téimh				kWh/(m²y)	Ionchur fuinnimh sna córais téimh/fuaraithe/uisce te tí chun na riachtanais fuinnimh le haghaidh téimh, fuarú agus uisce te tí a chomhlíonadh (e.g. i gcomhréir le ISO 52000-1:2017)
	Úsáid fuinnimh le haghaidh fuarú				kWh/(m²y)	
	Úsáid fuinnimh le haghaidh uisce te tí				kWh/(m²y)	
	Úsáid fuinnimh le haghaidh aerála				kWh/(m²y)	Ionchur fuinnimh leictrigh sa chóras aerála le haghaidh aeriompair agus aisghabháil teasa (gan an t-ionchur fuinnimh chun an t-aer a réamhthéamh nó a réamhfhuarú a chur san áireamh) agus ionchur fuinnimh sna córais bhogthaisithe chun an gá le bogthaisiú a shásamh
	Úsáid fuinnimh le haghaidh soilsiú ionsuite				kWh/(m²y)	Ionchur fuinnimh leictrigh sa chóras soilsithe, i gcás inarb ábhartha
	Úsáid fuinnimh le haghaidh úsáidí eile ar an láthair				kWh/(m²y)	Ionchur fuinnimh leictrigh in úsáidí ar an láthair seachas seirbhísí feidhmíochta fuinnimh foirgneamh, lena n-áirítear fearais, ualaí ilghnéitheacha agus coimhdeacha, nó pointí athluchtaithe leictrea-shoghluaisteachta. Sonraigh i gcás inarb ábhartha
Giniúint fuinnimh in-athnuaite ag an láithreán tógála	Fuinneamh teirmeach ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite (e.g. grianbhailitheoirí, teas comhthimpeallach)				kWh/(m²y)	Ba cheart táirgeadh fuinnimh in-athnuaite ar an láthair a ríomh trí úsáid a bhaint as samhaltú faoi bhun uair an chloig, in aghaidh na huaire nó samhaltú míosúil arna choigeartú e.g. trí fhachtóirí ceartúcháin míosúla a bhreithniú. Sonraigh na foinsí éagsúla a breithníodh, i gcás inarb ábhartha. Sonraigh, i gcás ina mbreithnítear é sa ríomh, cé acu a mheastar nó nach meastar an leictreachas in-athnuaite le haghaidh úsáidí eile ar an láthair freisin (i gcomhréir le hAirteagal 2(60) de Threoir (AE) 2024/1275). Níor cheart an fuinneamh ó ghineadóirí ar an láthair atá bunaithe ar bhithfhuinneamh a chur san áireamh anseo, ós rud é go soláthraítear an t-iompróir fuinnimh phríomhúil (e.g. bithmhais sholadach, bithgháis nó bithbhreoslaí) ó áitribh lasmuigh den fhoirgneamh.
	Fuinneamh leictreach a ghintear san fhoirgneamh agus a fhéintomhlaítear ar an láthair le haghaidh úsáidí feidhmíochta fuinnimh foirgneamh				kWh/(m²y)	
	Fuinneamh a ghintear san fhoirgneamh agus a onnmhairítear chuig an margadh				kWh/(m²y)	
	Giniúint eile fuinnimh ag an láithreán tógála				kWh/(m²y)	I gcás inarb ábhartha, agus sa chás sin amháin

			Cainníocht	Aonad	Tuairisc
Fuinneamh seachadta	Fuinneamh seachadta chuig an bhfoirgneamh ó fhoinsí in aice láimhe nó ó fhoinsí i bhfad i gcéin	Leictreachas		kWh/(m²y)	Fuinneamh, arna shloinneadh in aghaidh an iompróra fuinnimh, a sholáthraítear do na córais theicniúla foirgneamh trí theorainn an chórais, chun na húsáidí a chuirtear san áireamh a chomhlíonadh (téamh, fuarú, aeráil, uisce te tí, soilsiú, etc.)
		Breosla iontaise (sonraigh)		kWh/(m²y)	
		Eile (sonraigh: bithmhais, téamh/ fuarú ceantair...)		kWh/(m²y)	
Fuinneamh príomhúil	Fuinnimh príomhúil iomlán			kWh/(m²y)	Féadfar fuinneamh onnmhairithe (e.g. leictreachas in-athnuaite a ghintear ar an láthair nach bhféinúsáidtear nó úsáidí eile ar an láthair nach úsáidí feidhmíochta fuinnimh foirgneamh iad) a asbhaint ón úsáid fuinnimh phríomhúil iomlán.
	Fuinneamh príomhúil neamh-in-athnuaite			kWh/(m²y)	-
	Fuinneamh príomhúil in-athnuaite			kWh/(m²y)	-
Astaíochtaí	Astaíochtaí gás ceaptha teasa			$kgCO_2eq/(m^2y)$	Astaíochtaí oibríochtúla
	Astaíochtaí $PM_{2,5}$			$kgPM_{2,5}/(m^2y)$	Má chuirtear truailleáin eile san áireamh sa ríomh, cuir isteach na torthaí
	Astaíochtaí NOx			kgNOx/(m²y)	

Líon isteach tábla amháin le haghaidh gach foirgnimh tagartha.

2. BEARTA/PACÁISTÍ/ATHRAITHIGH A ROGHNÚ

2.1. Tuairiscigh i bhformáid tábla saintréithe na mbeart/na bpacáistí/na n-athraitheach roghnaithe a chuirtear i bhfeidhm chun an costas is fearr a ríomh. Tosaigh leis na teicneolaíochtaí agus na réitigh is coitianta agus ansin bog ar aghaidh go dtí na teicneolaíochtaí agus na réitigh is nuálaí. Má tá fianaise ann ó ríomhanna roimhe seo go bhfuil na bearta i bhfad ón gcostas is fearr, ní gá aon tábla a líonadh isteach ach ba cheart é sin a thuairisciú ar leithligh don Choimisiún. Is féidir an fhormáid thíos a úsáid, ach tabhair faoi deara gur samplaí léiritheacha amháin iad na samplaí a liostaítear.

2.2. Maidir le hathchóirithe agus foirgnimh nua, is gá íosleibhéil chaighdeáin cáilíochta na timpeallachta laistigh a áirithiú de bhun Airteagal 7(6) agus Airteagal 8(3) de Threoir (AE) 2024/1275. Ní mór na ceanglais sin a chur san áireamh agus na bearta/pacáistí á sainiú.

2.3. I gcás inarb ábhartha, is féidir leis na Ballstáit a chinneadh dhá thábla ar leith a thuairisciú chun bearta/pacáistí/athraithigh a liostú le haghaidh foirgnimh nua agus foirgnimh atá ann cheana. I gcás inarb ábhartha, is féidir leis na Ballstáit colún a chur isteach chun an foirgneamh nó an fhochatagóir tagartha dá dtagraíonn an beart/pacáiste/athraitheach a shonrú.

2.4. Is féidir tuilleadh beart a ghrúpáil ina bpacáistí agus, i gcás inarb ábhartha, ba cheart iad sin a thuairisciú freisin i dTábla 4.

2.5. Is féidir an tuairisciú a theorannú do na bearta/pacáistí is tábhachtaí ach ba cheart a léiriú cé mhéad ríomh a rinneadh ar an iomlán.

Tábla 4

Tábla léiritheach chun bearta/pacáistí/athraithigh roghnaithe a liostú

Cód	Beart	Cás tagartha	Athraitheach 1	Athraitheach 2	Etc.
(e.g. RI — mar sin is athruithe iad RI.1... RI.n)	Insliú dín				
	Insliú ballaí				
	Fuinneoga	5,7 W/m²K (tuairisc)	2,7 W/m²K (tuairisc)	1,9 W/m²K (tuairisc)	
	Sciar d'achar fuinneoige an imchlúdaigh foirgnimh iomláin				
	Bearta a bhaineann le foirgnimh (mais theirmeach, etc.)				
	Córas téimh				
	Uisce te tí				
	Córas aerála				
	Córas fuaraithe spáis				
	Bearta atá bunaithe ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite (ar an láthair)				
	An t-iompróir fuinnimh a athrú				
	etc.				

Tá liostú na mbeart léiritheach amháin, ach ní mór an phríomhfhaisnéis sa tábla (tuairisc ar an athraitheach/na hathraithigh, táscaire feidhmíochta) a choinneáil ar bun.

I gcás imchlúdach an fhoirgnimh, d'fhéadfaí tras-seoladh teirmeach ina W/m²K a úsáid;

I gcás córas, d'fhéadfaí éifeachtúlacht a úsáid;

I gcás córais aerála, d'fhéadfaí rátaí athnuachana aeir ina l/s a úsáid;

Is féidir roinnt leibhéal feabhsuithe a roghnú, lena n-áirítear ceanglais feidhmíochta atá i bhfeidhm (mar shampla: luachanna éagsúla do thras-seoladh teirmeach le haghaidh fuinneog).

3. ÚSÁID FUINNIMH PHRÍOMHÚIL AGUS FEIDHMÍOCHT ASTAÍOCHTAÍ NA mBEART A RÍOMH

3.1. **Measúnú ar fheidhmíocht fuinnimh agus astaíochtaí**

3.1.1. An nós imeachta um ríomh le haghaidh an mheasúnaithe ar fheidhmíocht fuinnimh a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na foirgnimh thagartha agus maidir leis na bearta/pacáistí/athraithigh arna nglacadh, tuairiscítear é mar chuid de Thábla 3 (na ranna 'Ríomh', 'Dálaí Aeráide', 'Pointí socraithe foirgneamh agus sceidil'). Ní gá é sin a dhéanamh i gcás gach foirgnimh tagartha, mura gá sin.

3.1.2. Tabhair tagairtí do reachtaíocht, do rialachán, do chaighdeáin agus do noirm ábhartha.

3.1.3. Líon isteach an tréimhse ríomha, an t-eatramh ríomha (bliantúil, míosúil nó laethúil) agus na sonraí aeráide a úsáidtear in aghaidh an fhoirgnimh tagartha.

Is féidir an tuairisciú a theorannú do na bearta/pacáistí/athraithigh is tábhachtaí ach ba cheart a léiriú cé mhéad ríomh a rinneadh ar an iomlán.

3.2. **Úsáid fuinnimh a ríomh**

3.2.1. Tuairiscigh torthaí ríomh na feidhmíochta fuinnimh le haghaidh gach birt/pacáiste/athraithigh do gach foirgneamh tagartha arna idirdhealú go dtí an riachtanas fuinnimh ar a laghad le haghaidh téimh agus fuarú, úsáid fuinnimh, fuinneamh seachadta agus úsáid fuinnimh phríomhúil iomlán (lena n-áirítear codanna in-athnuaite agus neamh-inathnuaite). Cuir an coigilteas fuinnimh san áireamh freisin.

3.2.2. Tá saoirse ag na Ballstáit rónna sa bhreis a chur isteach chun faisnéis ábhartha a chuimsiú is gá a thuairisciú tríd an bhfaisnéis a sholáthraítear le haghaidh an fhoirgnimh tagartha in Tábla 3 a léiriú.

Tábla 5

Tábla maidir le húsáid fuinnimh agus maidir le haschur ríomha astaíochtaí

Beart/pacáiste/athraitheach (mar a thuairiscítear i dTábla 4)	Cód					…
Riachtanais fuinnimh	Le haghaidh téimh					
	Le haghaidh fuaraithe					
Úsáid fuinnimh deiridh	Téamh					
	Fuarú					
	Aeráil					
	Uisce te tí					
	Soilsiú ionsuite					
	Eile (sonraigh)					
Fuinneamh seachadta arna shonrú ag an iompróir	ec1					
	…					

Beart/pacáiste/athraitheach (mar a thuairiscítear i dTábla 4)	Cód					…
Giniúint fuinnimh in-athnuaite ag an láithreán tógála	Fuinneamh a ghintear san fhoirgneamh agus a úsáidtear ar an láthair le haghaidh féinúsáide					
	Fuinneamh a ghintear san fhoirgneamh agus a úsáidtear ar an láthair le haghaidh úsáidí eile ar an láthair					
	Fuinneamh onnmhairithe					
Úsáid fuinnimh phríomhúil ina kWh/m^2y	Iomlán					
	Neamh-inathnuaite					
	In-athnuaite					
Feidhmíocht astaíochtaí GCT ina $kgCO_2/m^2y$						
Feidhmíocht astaíochtaí $PM_{2.5}$ ina $kgPM_{2,5}/m^2y$						
Feidhmíocht astaíochtaí NO_x ina $kgNO_x/m^2y$						
Laghdú ar fhuinneamh príomhúil i gcomparáid leis an bhfoirgneamh tagartha						
Laghdú ar astaíochtaí GCT i gcomparáid leis an bhfoirgneamh tagartha						
Laghdú ar astaíochtaí $PM_{2,5}$ i gcomparáid leis an bhfoirgneamh tagartha						
Laghdú ar astaíochtaí NO_x i gcomparáid leis an bhfoirgneamh tagartha						
Táscairí roghnacha breise						

Líon isteach tábla amháin le haghaidh gach foirgnimh tagartha.

Má tá fianaise ann ó ríomhanna roimhe seo go bhfuil na bearta i bhfad ón gcostas is fearr, ní gá aon tábla a líonadh isteach ach ba cheart é sin a thuairisciú ar leithligh don Choimisiún.

4. AN COSTAS DOMHANDA A RÍOMH

4.1. Ríomh an costas domhanda le haghaidh gach birt/pacáiste/athraithigh trí úsáid a bhaint as na táblaí seo a leanas, ag tagairt do chás íseal, meánach nó ard (praghas fuinnimh). Cuirfear an ríomh costais don fhoirgneamh tagartha ag 100 %.

4.2. Tuairiscigh an ráta lascaine a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh an ríomha airgeadais agus mhaicreacnamaíoch agus toradh na hanailíse íogaireachta foluití ar dhá ráta úis éagsúla ar a laghad an ceann.

4.3. Tuairiscigh na paraiméadair ionchuir a úsáidtear chun an costas domhanda a ríomh (e.g. costas saothair, costas na teicneolaíochta, costas truailleán in aghaidh an kg d'astaíochtaí), lena n-áirítear foinsí agus toimhdí ábhartha.

4.4. Tuairiscigh an fhorbairt a chuirtear i bhfeidhm ar phraghsanna fuinnimh agus carbóin agus an fhoinse.

4.5. Cuir na paraiméadair ionchuir le haghaidh na gcostas eile a áirítear ar deireadh, i gcás inarb ábhartha (e.g. tionchair ar an tsláinte, tionchair ar OTI), san áireamh i dtábla ar leithligh.

4.6. Déan ríomh ar an anailís íogaireachta le haghaidh na bpríomhchostas agus na gcostas fuinnimh agus an ráta lascaine a chuirtear i bhfeidhm don ríomh maicreacnamaíoch agus don ríomh airgeadais araon. I gcás gach athraithe ar chostas, úsáid tábla ar leithligh ar nós an Tábla thíos.

Tábla 6

Sonraí aschuir agus ríomhanna costais dhomhanda

Beart/pacáiste/athraitheach mar a thugtar i dTábla 5	Cód					…
Costas infheistíochta tosaigh (le tagairt don bhliain tosaigh)						
Costais bhliantúla	Costas cothabhála bliantúil					
	Costas oibriúcháin					
	…					
Costas fuinnimh de réir breosla agus an cás meánphraghais fuinnimh	Fuel1					
	…					
Costas na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa oibríochtúla (don ríomh maicreacnamaíoch amháin)						
Luach iarmharach						
Ráta lascaine (rátaí éagsúla le haghaidh na ríomhanna maicreacnamaíocha agus airgeadais)						
Saolré eacnamaíoch mheasta						
Costais bainistíochta dramhaíola (nuair is infheidhme)						
Seachtrachtaí comhshaoil agus sláinte a bhaineann le húsáid fuinnimh (i gcás an ríomha mhaicreacnamaíoch amháin)	Costas astaíochtaí $PM_{2,5}$					
	Costas astaíochtaí NOx					
Costais eile, i gcás inarb infheidhme						
Costas domhanda arna ríomh						

Líon isteach an tábla do gach foirgneamh tagartha agus é á úsáid uair amháin don ríomh maicreacnamaíoch agus uair amháin don ríomh airgeadais. Cuir isteach na sonraí costais san airgeadra ábhartha agus sonraigh an t-airgeadra a úsáidtear sa tábla.

5. AN LEIBHÉAL IS FEARR COSTAS d'FHOIRGNIMH THAGARTHA

5.1. Tuairiscigh an leibhéal feidhmíochta fuinnimh eacnamaíoch is fearr san fhuinneamh príomhúil iomlán (kWh/m² bliain) agus, má leantar cur chuige ar leibhéal an chórais chun íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a shainiú, san aonad ábhartha (e.g. W/m²K don U-luach, % le haghaidh éifeachtúlacht córais) le haghaidh gach cáis i ndáil leis na foirgnimh thagartha, á thabhairt le fios an iad na leibhéil is fearr costas arna ríomh ar an leibhéal maicreacnamaíoch nó airgeadais é.

5.2. Moltar do na Ballstáit táscairí eile a úsáid chun iomlán an fhuinnimh phríomhúil a chomhlánú agus íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh á socrú acu, ag brath ar dhálaí náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla, an fheidhmíocht astaíochtaí cuir i gcás.

6. COMPARÁID

Má tá an difríocht idir na leibhéil is fearr costas arna ríomh agus na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh atá i bhfeidhm faoi láthair os cionn 15 %, sonraigh plean ina bhfuil na céimeanna iomchuí chun na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh atá i bhfeidhm a choigeartú laistigh de 24 mhí ó dháta seachadta na tuarascála is fearr costas.

Tábla 7

Tábla comparáide d'fhoirgnimh nua agus d'fhoirgnimh atá ann cheana

Foirgneamh tagartha	Raon/leibhéal is fearr costas (ó-go) i bhfuinneamh príomhúil (kWh/m²y) agus, i gcás inarb ábhartha, in astaíochtaí GCT ($kgCO_2/m^2y$) (le haghaidh cur chuige comhpháirte san aonad ábhartha)	Ceanglais reatha maidir le foirgnimh thagartha ina kWh/m²y agus, i gcás inarb ábhartha, ina n-astaíochtaí GCT ($kgCO_2/m^2y$) (le haghaidh cur chuige comhpháirte san aonad ábhartha)	Bearna (%)
Plean chun na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh atá i bhfeidhm a choigeartú, laistigh de 24 mhí:			

7. EILE

7.1. Is féidir tuairisciú a dhéanamh in aon cheann de 24 theanga oifigiúla an Aontais.

7.2. Aon tábla agus aon ghraf a sholáthraítear don Choimisiún mar chuid den tuairisciú, ní mór é a chur ar fáil i bhformáid lenar féidir a inneachar téacsúil a roghnú, más ann dó, chun gur féidir meaisínaistriúchán a chur i bhfeidhm air.

7.3. Nuair a fhágtar tábla nó eilimintí de na táblaí folamh, ba cheart do na Ballstáit míniú cuí-réasúnaithe air sin a sholáthar sa roinn ábhartha den tuarascáil.

7.4. Tá an teimpléad seo ar fáil freisin i bhformáid ineagarthóireachta ar an leathanach gréasáin tiomnaithe faoin Treoir ([1]) maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh.

([1]) https://energy.ec.europa.eu/topics/energy-efficiency/energy-efficient-buildings/energy-performance-buildings-directive_en#energy-performance-of-buildings-standards.